


Ráiteas Straitéise

2008-2010



Staitisticí d'Éirinn na linne seo

Faisnéis ardcháilíochta do
shochaí athraitheach a
sholáthar go héifeachtach
agus in am tráthá

An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

© Rialtas na hÉireann 2008

An t-ábhar curtha le chéile agus curtha i láthair
As an bPríomhoifig Staidrimh.

Is féidir cóipeanna a dhéanamh den ábhar seo ach amháin i gcás tráchtála
Chomh fada agus go mbíonn an fhoinsí luaite.

ISSN 1393-6921

Clár

Brollach	3
Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir	5
Caibidil 1 Forbhreathnú	7
Caibidil 2 Ár Misean, ár Luacha agus ár Spriocanna	15
Caibidil 3 Timpeallacht Oibríochta	21
Caibidil 4 Ár gCláir Staidrimh	25
4.1 Staitisticí Maicreacnamaíocha	25
4.2 Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta	30
4.3 Staitisticí Gnó	36
4.4 Monatóir Tráthúlachta	40
Caibidil 5 Ár gCláir Tacaíochta Eagrúcháin	45
5.1 Tacaíocht Staidrimh agus Nuáil	45
5.2 TF agus Seirbhísí Corparáideacha	51
Aguisín 1 Cód Eorpach um Chleachtas Staidrimh	59
Aguisín 2 Bun-Phrionsabail na NA um Staidreamh Oifigiúil	63
Aguisín 3 Cait Eagrúcháin na Príomh-Oifige Staidrimh	65
Aguisín 4 Gluais	67

Brollach

Fáiltím go mór roimh an chúigiú Ráiteas Straitéise seo ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Tógann sí ar straitéisí a tháinig ón bPríomh-Oifig Staidrimh roimpi agus is maith liom a fheiscint go bhfuiltear ag leanúint den fhócas ar an gcóras staidrimh i gcoitinne a forbairt, laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh í féin agus i Ranna eile, mar thaca le ci ntí a ghlacadh bunaithe ar fhaisnéis agus chun dul chun cinn ár sochaí a thomhas.

Léiríonn tortaí Dhaonáireamh 2006, mar aon le suirbhéanna iliomad eile na Príomh-Oifige Staidrimh agus a cuid anailísí castacht agus gastacht an athraithe in Éirinn inniu. Cuimsíonn na dúshláin staidrimh ar a gcaithfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh aghaidh a thabhairt sa tréimhse trí bliana seo romhainn topaicí tábhachtacha polasaí, mar shampla, domhandú, imirce, an timpeallacht, sláinte, oideachas agus coireacht.

Agus pleanáil ar siúl chun méadú ar an aschuir staidrimh, is cúis áthais dom a fheiscint go bhfuil an Phríomh-Oifig Staidrimh tiomanta don ualach ar fhreagróirí suirbhéanna a mhaolú. Tá sé sin ag teacht le sprioc an Rialtais, a thagann le polasaí AE, an t-ualach riarracháin ar lucht gnó a mhaolú. Braithfidh cur chuige cuimsitheach maidir leis an ualach freagartha a mhaolú ar thacaíocht ghníomhach agus ar rannpháirtíocht ghníomhach Ranna agus Gníomhaireseachtaí eile.

Imríonn an tAE ról suntasach maidir le riachtanais staidrimh a shocrú agus tá an Cód Eorpach um Chleachtas Staidrimh ar glacadh leis le déanaí ina gné thábhachtach de thimpeallacht oibríochta na Príomh-Oifige Staidrimhanois. Treisíonn sé ról tábhachtach na Príomh-Oifige Staidrimh i sochaí na hÉireann mar oifig atá neamhspleách, neamhchlaonta agus gairmiúil.

Le blianta beaga anuas tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis tuarascálacha téamúla a thabhairt isteach, ina soláthraítear pointe tábhachtach tagartha i gcomhair lucht déanta polasaí, lucht taighde agus úsáideoirí eile staitisticí. Ina theannta sin, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag cur rochtain níos éasca ar staitisticí ar fáil trína suíomh idirlín, agus fáiltím roimh gheata idirlín beartaithe StatCentral, mar gheata staitistí oifigiúla.

Tá creidiúint ag dul dá lucht foirne uile i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus ar fud na tíre as ucht na seirbhíse a sholáthraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh. Is mian liom buíochas a ghabháil leo as ucht a bheith toilteanach i gcónaí glacadh le hathruithe sa tSeirbhís Phoiblí agus guím gach rath orthu maidir le cur i bhfeidhm na straitéise seo.



A handwritten signature in black ink that reads "Pat Carey". The signature is fluid and cursive, with "Pat" on the left and "Carey" on the right.

Pat Carey, TD
Aire Stáit

Réamhrá leis an Ard Stiúrthóir

Is é seo cúigiú Ráiteas Straitéisíse na Príomh-Oifige Staidrimh. Leagtar amach ann cuspóirí corparáideacha na Príomh-Oifige Staidrimh 2008 go 2010, ag tógáil ar an gcur chuige láinchórais i leith staitisticí oifigiúla a glacadh inár gceathrú ráiteas straitéisíse. Tá an cur chuige sin ina scáthán den *Straitéis don Staidreamh 2003-2008* a tháinig ón mBord Náisiúnta Staidrimh, inar leagadh bém ar fhorbairt frámaíochtaí do staitisticí sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil mar thaca le ci ntí Rialtais agus sochaí a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le córas staidrimh na hÉireann a fhorbairt, taobh istigh den Oifig, i Ranna eile agus i nGníomhhaireachtaí eile. Tá sé mar phríomhchuspóir straitéisearch úsáid staitisticiúl níos mó a bhaint as na foinsí sonraí atá ann, taifid riarracháin, ach go háirithe. Sa straitéis seo do 2008 go 2010, leanfaimid den obair sin a chur chun cinn, agus cur chuige cuimsitheach a ghlacadh maidir leis na dúshláin a bhaineann le freastal go héifeachtach ar an éileamh ar staitisticí agus san am céanna an t-ualach ar fhreagróirí suirbhéanna a mhaolú.


Tá an éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar staitisticí ag fás. Cruthaíonn riachtanais náisiúnta polasaí agus reachtaíocht AE riachtanais nua staidrimh. Cuimseoidh tionscnaimh mhóra nua sna trí bliana seo romhainn forbairt staitisticí comhshaoil agus córas nua suirbhéanna teaghlaigh a thabhairt isteach, chun sonraí a sholáthar faoi thopací ar a n-áirítear oideachas aosach, staid sláinte, coireacht agus íospairt.

Cuimsíonn ár straitéis scata gníomhaíochtaí eagraithe chun an t-ualach freagartha a bhainistiú agus a mhaolú, chomh mór is is féidir. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí sin an t-ualach freagartha a leagtar ar lucht gnó a thomhas, úsáid níos mó a bhaint as tuairisciú leictreonach, foirnsí sonraí staitisticiúla a chomhordú agus úsáid níos leithne a bhaint as taifid riarracháin.

Le linn na straitéise seo, cuirfimid béis níos mó ar eisiúintí staidrimh a fhoilsiú, le tuairisceoirreacht agus faisnéis a bhaineann le hábhar, trí shuíomh idirlín na Príomh-Oifige Staidrimh. Leanfar de sholáthar tuarascálacha téamúla agus foilseachán páipéir, chomh maith le leagacha ar líne. Ina theannta sin, táimid ar tí StatCentral a sheoladh, mar gheata idirlín do staitisticí oifigiúla, a thabharfaidh rochtain níos éasca do dhaoine ar réimse leathan faisnéise staitisticiúil ó eagraíochtaí eile de chuid na hearnála poiblí.

Cumadh dearadh struchtúr ár n-eagraíochta chun tacú leis an nuáil agus leis an gcleachtas is fearr maidir le modhúlacht staidrimh a chur i bhfeidhm sa Phríomh-Oifig Staidrimh, i Ranna eile agus i nGníomhaireachtaí eile. Níos mó ná riamh, tá an dearbhú cáiliúchta ina chuid chomhtháite dár glár oibre, ag teacht lenár dtiomantas don Chód nua Eorpach um Chleachtas Staidrimh ar glacadh leis le déanaí. Leanfaimid den infheistiú i dteicneolaíocht na faisnéise agus i bhforbairt scileanna agus cumas ár lucht fairne le linn na straitéise seo.

Mar fhocal scoir, is mian liom aitheants a thabhairt do thacaíocht agus do thiomantas Choiste Páirtíochta agus lucht fairne na Príomh-Oifige Staidrimh chun ár spriocanna a bhaint amach. I bhfochar a chéile a d'fhorbraíomar an straitéis seo agus táimid tiomanta do chlár cuimsitheach oibre chun freastal ar riachtanais eolais sochaí atá ag athrú go tapaidh.

A handwritten signature in black ink, appearing to read "Gearóid Ó hAnluain". The signature is fluid and cursive, with "Gearóid" on the first line and "Ó hAnluain" on the second line.

Gearóid Ó'hAnluain
Ard-Stiúrthóir

Forbhreathnú

Caibidil 1

Is é seo cúigiú Ráiteas Straitéiseach na Príomh-Oifige Staidrimh. Is é is aidhm dó ár dtreo straitéiseach do na blianta 2008 go 2010 a leagadh síos, mar threoir shoiléir dár lucht bainistíochta, dár bhfoireann agus dár lucht leasmhara maidir lenár spriocanna corporáideacha agus lenár gcuspóirí corporáideacha.

Mandáid na Príomh-Oifige Staidrimh

Bunaíodh an Phríomh-Oifig Staidrimh i 1949 mar an phríomhghnáimhreacht náisiúnta staidrimh. Ó shin i leith, leanamar den mhandáid bhunúsach chéanna, faoi mar a leagtar síos san Acht Straidrimh, 1993:

Faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí agus dálaí eacnamaíocha, sóisialta agus ginearálta sa Stát a bhailíú, a thiomsú, a bhaint amach agus a scaipeadh chun críocha staidrimh.

Soláthraíonn an tAcht Staidrimh bonn cuimsitheach chun staidreamh oifigiúil a thiomsú, mar aon le cosaintí tréana maidir le neamhspleáchas staidrimh oifigiúla agus le sonraí rúnda a chosaint. Seo a leanas cuid de phríomhghnáithe an Achta:

- Oifig neamhspleách is ea an Phríomh-Oifig Staidrimh agus is ar Ard-Stiúrthóir na Príomh-Oifige Staidrimh amháin atá an fhreagracht as cúrsaí gairmiúla staidrimh (.i. modheolaíochtaí staidrimh, caighdeáin ghairmiúla, ábhar staidrimh a scoileadh amach agus a fhoilsiú, mar aon le tráthanna agus modhanna foilsithe staidrimh).

-
- Tá mar aidhm ghinearálta ag an mBord Náisiúnta Staidrimh, le cead an Taoisigh, treo na Príomh-Oifige Staidrimh i gcoitinne a stiúrú. Tá Ard-Stiúrthóir na Príomh-Oifige Staidrimh mar bhall *ex officio* den bhord.
 - Is féidir leis an bPríomh-Oifig Staidrimh faisinéis a bhailiú ó dhaoine agus obair a ghilcadh de láimh, agus féadtar soláthar staitisticí áirithe a dhéanamh riachtanach, ar ordú Aire.
 - Ina theannta sin, tá ceart rochtana ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, chun críocha staidrimh, ar thaifid riarracháin i seilbh údarás poiblí (faoi réir ag srianta áirithe). I measc fheidhmeanna na hOifige tá comhordú staidrimh oifigiúla arna dtiomsú ag údaráis phoiblí agus é de cheart ag an Oifig inúsáidteacht mar staidreamh thaifid i seilbh údarás poiblí a mheas.
 - Déanann an tAcht rúndacht na faisinéise a chuirtear ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh a chosaint. Ní féidir faisinéis maidir le daoine ná le hobair de láimh a úsáid ach chun críocha staidrimh amháin agus ní féidir sonraí rúnda a scaipeadh. Ag teacht leis na riachtanais sin, déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh rúndacht sonraí pearsanta agus sonraí cuideachtaí a chosaint go tréan.

Foilsíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh níos mó ná 300 eisiúint agus foilseachán staidrimh gach bliain. Soláthraímid staidreamh ar ardchaighdeán, mar ionchur riachtanach um pleanáil don todhchaí agus mar mhonatóireacht ar aschuir náisiúnta, réigiúnda agus áitiúla. Bímid ag freastal ar riachtanais an Rialtais agus an phobail mhóir chun faisinéis neamhchlaonta ábhartha a sholáthar i dtaobh cúinsí sóisialta agus geilleagracha. Áirítear i measc úsáideoirí staidrimh lucht gnó, taighdeoirí, an pobal acadúil agus go leor eagraiochtaí agus daoine eile.

Bíonn éabhlódú de shíor ag teacht ar an éileamh ar staidreamh agus ar na bealaí ina n-úsáidtear iad. Le ceithre bhliain anuas, tá úsáid níos leithne á cur chun cinn ag an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le faisinéis neamhchlaonta staidrimh i mbun déanamh polasaí bunaithe ar fhianaise. Tá úsáid staitisticiúil níos leithne na dtaifead riarracháin curtha chun cinn againn mar mheán chun freastal ar an éileamh atá ag fás anois maidir le staidreamh. Léiríonn na cuspóirí fadtréimhseachá a leagtar síos sa *Stratéis don Staidreamh 2003-2008* ón mBord Náisiúnta Staidrimh, agus cuirtear dlús breise leo sa ráiteas nua straitéise seo. Cabhróidh siad lenár sprioc ardleibhéil maidir leis an ualach ar fhreagróirí suirbhéanna a laghdú.

An Ghné Idirnáisiúnta

Baineann gné thábhachtach idirnáisiúnta lenár gcuid oibre, mar gheall ar a riachtanaí is atá sé staidreamh a sholáthar i riocht inar féidir a chur i gcomparáid go díreach le staidreamh tíortha eile. Is fíor sin, ach go háirithe, chomh fada is a bhaineann leár rannpháirtíochta sa chóras staidrimh Eorpach. Is é an ceangal atá orainn coinníollacha AE a shásamh an rud is tábhachtaí a mhúnlaigh obair na Príomh-Oifige Staidrimh ó na 1970í i leith agus tá sé sin ag dul i dtreis le blianta beaga anuas. Tá leat mór reachtaíochta staidrimh AE faoi chreat foriomlán Rialachán AE 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh an Chomhphobail¹.

Forbairt thábhachtach maidir le staidreamh oifigiúil ab ea glacadh ag Ballstáit an AE leis an gCód Eorpach um Chleachtas Staidrimh i 2005. Leagtar síos sa cód sin caighdeáin maidir le struchtúir institiúide, próiseáil agus foilsíú staidrimh sna Ballstáit (féach Aguisín 1). Is iad na himpleachtaí is mó a bhaineann leis sin don Phríomh-Oifig Staidrimh ná cinn maidir le cáipéisíú foirmeálta na gcaighdeán, rud ar a dtabharfar aghaidh le linn na straitéise seo.

I gcomhlíonadh a mandáide, déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh go docht de réir na gcaighdeán gairmiúla is airde maidir le cothrom féine, ionracas agus neamhspleáchas. Féachaimid leis na caighdeáin na modhanna a aithnítear go hidirnáisiúnta mar na cinn is fearr a chur i bhfeidhm. Áirítear ina measc siúd Caighdeán um Shonraí Speisialta CAI (SDDS).


Glacaimid go huile is go hiomlán le Bun-Phrionsabail na Náisiún Aontaithe um Staidreamh Oifigiúil (féach Aguisín 2). Soláthraíonn an tAcht Staidrimh, 1993, struchtúr tréan institiúide a thacaíonn leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus leis na bunphrionsabail agus atá mar chrann taca ag ár misean, ár luacha agus ár spriocanna.

Ár Misean, ár Luacha agus ár Spriocanna

Dearbhaítear inár ráiteas misean ár mandáid bhunúsach maidir le faisnéis staidrimh a sholáthar, agus cuirtear béis ann ar phointí tábhachtacha, mar atá, éifeachtúlacht, tráthúlacht agus cailíocht. Thar aon ní eile, aithnítear sa ráiteas misean a thabhachtaí is atá sé freagairt don athrú.

Déantar leathnú níos mó ar ár ráiteas misean faoinár luacha agus faoinar spriocanna ardleibhéal. Tá cur síos níos mine orthu siúd i gCaibidil 2.

¹ Tá idirbheartaíocht ar siúl faoi láthair maidir le rialachán níos cuimsíthí do chreat um Staidreamh Eorpach, le cur in áit Rialachán Comhairle (EC) Uimh. 322/97.



Tosaíochtaí Corparáideacha

Aithníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh ocht réimse tosaíochta gníomhaíochta d'fhonn a chinntiú go mbíonn ár gclár oibre ag coinneáil bonn ar bonn le riachtanais athraithe ar an leibhéal is airde.

Córas Staidrimh na hÉireann a fhorbairt	Ghlac an Bord Náisiúnta Staidrimh dearcadh lánchórais i leith staidrimh sa doiciméad <i>Straitéis i gcomhair Staidrimh 2003-2008</i> . Sa chomhthéacs sin, cuirfimid comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le hobair staidrimh Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí, agus úsáid níos leithne staitisticí i mínlú polasaí bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn. Cuirfimid chun cinn an obair atá ar siúl cheana féin chun úsáid níos mó a bhaint as taifid riaracháin chun críocha staidrimh – már áis chun staitisticí nua a tháirgeadh gan ualach rómhór a chur ar fhreagróirí, thar mar a fhreagraíonn don riachtanas.
Riachtanais nua staitisticíúla	Tá fás ag teacht ar an éileamh maidir le staitisticí, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Ar na ceisteanna is tábhactaí tá, domhandú, imirce, an timpeallacht, córais iompair, sláinte agus oideachas. Aithnítear sa doiciméad <i>I dTreo 2016</i> riachtanais shainiúla maidir leis an margadh saothair, praghsanna agus le cur chuige ré saoil i leith polasaí. Cruthóidh na pleananna earnála in <i>I dTreo 2016</i> agus tionscnaimh eile polasaí éileamh nua le haghaidh staitisticí. Eascróidh éilimh nua staitisticíúla as sonraí Roinne agus straitéisí staidrimh.
An tUalach Freagarta a Bhainistiú	Cuimsíonn an ráiteas straitéise seo scata gníomhíochtaí ag obair in éineacht chun an t-ualach freagartha a choinneáil ar leibhéal íosta i gcomhthéacs ina mbíonn fás ag teacht ar an leibhéal aschuir staitisticíúil is gó. San áireamh ansin tá an t-ualach ar ghnónna a thomhas, úsáid módhanna tuairisceoireachta leictreona, teicnící níos fearr chun samplaí a ghlacadh, comhordú níos fearr a dhéanamh idir suirbhéanna agus cur leis an úsáid staitisticíúil a bhaintear as taifid riaracháin.
Teicneolaíocht na Faisnéise	Ag tógáil ar chóras nua bainistíochta sonraí na Príomh-Oifice Staidrimh, tá straitéis nua TF á forbairt againn do na cùig bliain seo romhainn, ó 2008 go 2012.
Ríomh-Rialtas	Mar chuid shonrach dár straitéis TF, déanfaimid tuilleadh forbartha ar réitigh éifeachtacha chun sonraí suirbhéanna a bhailíú go leictreonach agus chun táblaí agus tuairisci staitisticíúla a scaipeadh i modh éasca ó thaobh úsáideoirí de.
Scileanna agus Oiliúint	Tá clár cuimsitheach oiliúna á chur i bhfeidhm againn dár lucht forgne – maidir le staidreamh, le TF, le bainisteoireacht agus le scileanna eile – mar thaca leis an réimse scileanna agus cumaíse ardleibhéal a bhíonn riachtanach i seirbhís staidrimh sa lá atá inniu ann.
Cód Eorpach um Chleachtais Staidrimh	Tá an Cód Cleachtais ar glacadh leis i 2005 ina dhlúthchuid dár dtimpeallacht oibríochta. Soláthraíonn sé frámaíocht thábhactach tagartha maidir le cálíocht agus le caighdeáin staitisticí oifigiúla.

Cleachtais Éifeachtacha Oibre	<p>Leanfaimid dár gcuid oibre maidir le cleachtais oibre a chur i bhfeidhm trína mbaintear éifeacht níos fearr amach agus a chuireann le haschuir níos fearr. Mar shampla, tá dlús mór curtha le foilsíú sonraí Daonáirimh mar gheall ar úsáid na scanóireachta. Beidh dúshlán nua nach beag ag baint le Daonáireamh 2011, ina bhfuil sé i gceist againn cumas líonta ar an idirlón a thabhairt isteach.</p>
--------------------------------------	--

Ár gCláir Oibre

Déantar cur síos i gcaibidlí a ceathar agus a cúig ar na sainchuspóirí sa Ráiteas Straitéis seo maidir le gach ceann, faoi seach, de na cláir oibre seo a leanas:

Cláir Staidrimh

- Staitisticí Maicreacnamaíocha
- Staitisticí déimeagrafacha agus sóisialta
- Staitisticí gnó

Cláir Tacaíochta

- Tacaíocht Staidrimh agus Nuál
- Seirbhísí TF agus Seirbhísí Corparáideacha

Cuimsíonn na caibidlí sin *monatóir tráthúlachta* – i.e. ár dtuairiscí staidrimh a fhoilsiú taobh istigh de thráthchlár áirithe – mar aon le príomhtháscairí feidhmíochta do gach réimse, faoi seach. Léiríonn na tiomantaí agus na táscairí sin ár dtosaíochtaí corparáideacha ardleibhéal do na trí bliain seo chugainn.

An straitéis seo a chur i bhfeidhm

Réitigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an straitéis seo i gcomhairle le Coiste Páirtíochta na Príomh-Oifige Staidrimh. Cé gur le forbairtí corparáideacha is mó a bhaineann an straitéis, bíonn cláir oibre níos mionsonraithe i gceist maidir le reáchtáil na hOifige ó lá go chéile.

Uillmhaítear Cláir Ghníomhaíochta Rannacha gach bliain, ina gclúdaítear na príomhchuspóirí atá le baint amach ag gach Rannán. Dhá uair gach bliain, déanann Stiúrthóireacht na Príomh-Oifige Staidrimh athbhreithniú ar Chláir Ghníomhaíochta na Rannán. Déantar Pleananna Áitiúla Gnó a ullmhú gach bliain, chomh maith, bunaithe ar na cuspóirí sna Cláir Ghníomhaíochta Rannacha, ina

gclúdaítear sna gníomhaíochtaí ar fad sna ceantair áitiúla, obair leanúnach agus forbairtí nua san áireamh.

Ag deireadh gach bliana, foilseoimid tuarascáil fhoirmeálta maidir leis an dul chun cinn i leith na straitéise seo, de réir Alt 4 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. Sa tuarascáil sin, déanfaimid monatóireacht ar ár ndul chun cinn i leith na dtiomantas a thugtar sa straitéis seo, measúnú ar ábharthacht leanúnach na gclár oibre, agus tugtar eolas maidir le hathruithe riachtanacha ar chuspóirí straitéiseacha.

Ár Misean, ár Luacha agus ár Spriocanna

Caibidil 2

Staitisticí d'Éirinn na linne seo

*Faisnéis ardcháilíochta do shochaí athraitheach
a sholáthar go héifeachtach agus in am trátha*

Tugaimid tiomantas inár ráiteas misin staitisticí atá neamhspleách, beacht agus bainteach le hábhar a tháirgeadh i modh tiosach chun freastal ar riachtanais eolais ár gcustaiméirí uile (mar shampla, lucht rialtais, lucht gnó, AE, eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, na meáin, lucht taighde agus an pobal i gcoitinne) i dtimpeallacht athraitheach eacnamaíocht agus shóisialta.

Mar chrann taca leis na tiomantas sin tá fealsúnacht, cultúr agus tuiscint ghnó bunaithe ar luacha bunúsacha áirithe: gairmiúlacht i gcúrsaí staidrimh; neamhspleáchas agus iomláine; seirbhís den scoth dár gcustaiméirí; meas ar ár soláthraithe agus tuiscint dóibh; agus luach ar airgead.

Is iad na cúig sprioc ardleibhéal seo a leanas atá mar chrann taca lenár gcláir staidrimh agus tacaíochta eagraíochta. Cuimsíonn siad ár gcuspóirí bunúsacha, maidir le *cad* é atá fúinn a dhéanamh i ré saoil na straitéise, *conas* a bheartaímid a dhéanamh agus *cén fáth*.

- *Scóip, cáilíocht agus trúthúlacht ár staitisticí a fheabhsú*
- *An t-ualach is lú is féidir a chur ar fhreagróirí suirbhéanna*
- *Úsáid níos mó a bhaint as sonraí riarracháin chun críocha staidrimh*
- *Éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach trí úsáid na gcleachtas is fearr*
- *Feasacht agus úsáid staidrimh a mhéadú i measc an phobail*

Léirionn na cúig sprioc an dearcadh atá ag an mBord Náisiúnta Staidrimh maidir le córas staidrimh na hÉireann a forbairt, sa doiciméad *Straitéis don Staidreamh 2003-2008*. Cur chuige 'láinchórais' níos comhtháite a samhlaíodh i straitéis an Bhoird, ag síneadh thar an earnáil phoiblí agus a chuimsíonn bailiú, tiomsú, craobhscaoileadh agus úsáid staitisticí oifigiúla. Tá ról lárnach atá ag an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir leis an bhfís staidrimh atá ag an mBord Náisiúnta Staidrimh a chur chun cinn.

Ina theannta sin, cabhróidh glacadh leis an gCód Eorpach um Chleachtas Staidrimh linn monatóireacht a dhéanamh ar ghnéithe inmheánacha agus ar ghnéithe seachtracha ár gcuid oibre agus feabhas a chur orthu, go háirithe i gcás ár bpróiseas dearbhaithe cáilíochta.

Déantar cur síos i gCaibidlí 4 agus 5 ar ghníomhartha sonracha na gclár staitisticíúla agus tacaíochta chun na cúig sprioc ardleibhéal a chur i gcrích. Déanfar na gníomhaíochtaí sin a athbhreithniú agus a nuashonrú go bliantúil inár bpróiseas pleanála gnó.

2.1 Scóip, cáilíocht agus tráthúlacht ár staitisticí a fheabhsú

Tá ag síormhéadú ar an éileamh a bhíonn ag réimse leathan úsáideoirí ar staitisticí. Táimid tiomanta ar aghaidh a thabhairt ar an éileamh sin agus é a shásamh chomh mór is is féidir linn agus sinn ag coinneáil de luach ar airgead agus seirbhísí den scoth do chustaiméirí san am céanna. Cuirfimid an bhéim ar aschuir reatha a choinneáil suas áit a mbíonn éileamh láncheart ina leith; ar réimse na dtáirgí staidrimh, de réir mar a bhíonn indéanta, chun freastal ar riachtanais úsáideoirí. Déanfaimid scrúdú i gcónaí ar an scóip atá ann maidir le foinsí reatha a úsáid, sonraí riarracháin, mar shampla, sula gcuirfimid suirbhéanna nua ar bun.

Beidh ár bhfócas ar staitisticí ardchaighdeáin a tháirgeadh trína chinntiú go mbíonn ár n-aschuir staitistiúla ábhartha, muiníneach agus tráthúil agus ár gcoras staidrimh ina ionnláine ag teacht leis na prionsabail atá leagtha síos sa Chód Eorpach um Chleachtas Staidrimh.

Príomhghnéisithe

- Athbhreithniú tráthrialta agus forbairt ar ár n-aschuir staitisticiúla chun a mbainteacht le riachtanais reatha a chinntiú
- Leathnú ar an réimse staidrimh agus anailíse a bhíonn ar fáil
- Torthaí ardchaighdeáin a tháirgeadh laistigh de fhráma ama inghlactha
- Cáilíocht ár gcuid staidrimh a thomhas agus tuairiscí a thabhairt orthu
- Scrúdú scóipe chun foinsí reatha a úsáid roimh thabhairt faoi shuirbhéanna nua
- Freagairt shainordaithe suirbhéanna a thabhairt isteach más gá agus más cuí

2.2 An t-ualach is lú is féidir a chur ar fhreagróirí suirbhéanna

I gcomhthéacs an mhéadaithe ar an éileamh ar staitisticí, leanfar de shuirbhéanna díreacha a úsáid le sonraí a bhailiú. Cabhróidh comhordú níos fearr idir suirbhéanna reatha baol a ndul thar a chéile a sheachaint maidir le riachtanais sonraí.

Chun gurbh fhusa do na freagróirí na staitisticí a theastaíonn a sholáthar, leanann an Phríomh-Oifig Staidrimh le forbairt na slándála i roghanna tuairisceoireachta sonraí leictreonacha.

Bíonn cáilíocht staidrimh ag brath go mór ar chomhoibriú na ndaoine a fhreagraíonn ár suirbhéanna. Chun an comhoibriú sin a chothú, is gá go mbeadh meas againn ar ár bhfreagróirí, ní hamháin trína chinntiú go gcoimeádfaimid an t-éileamh staitisticiúil orthu ar leibhéal réasúnta, ach trí rúndacht a gcuid sonraí a chosaint, chomh maith. Daingnítear an chosaint do shonraí rúnda, idir phearsanta agus thráchtála san Acht Staidrimh, 1993, i reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus Eorpach.

Cinnteoidh ár gcuid pleannana maidir le foinsí sonraí riarthá a úsáid chun críocha staidrimh, mar aon le cur chuige níos cothroime maidir le roghnú samplai i suirbhéanna díreacha, nach gcuirfear ualach róthrom tuairisceoireachta staidrimh ar éinne. Ainneoin na gcúram sin, is gá rátaí arda freagartha agus faisnéis chruinn a bhaint amach inár suirbhéanna, chun cruinneas staitisticiúil muiníneach a bhaint amach go dtí an leibhéal is gá.

Ach an leas is fearr a bhaint as bailiú díreach sonraí agus as foinsí sonraí riarcháin mar agusín leo, ba cheart go gcuirfí corporas faisnéise staidrimh níos mó agus níos ionmláine ar fáil, chun freastal ar riachtanais úsáideoirí. Ina theannta sin,

ba cheart go gcabhródh sé linn an t-ualach tuairiscithe a bhainistiú ar bhealach níos fíorr agus córais táirgthe níos éifeachtaí a éascú.

Príomhghnéisithe

- *An t-ualach freagartha a thomhas, d'fhonn a chinntíú nach ualach rómhór*
- *Comhordú níos fíorr idir suirbhéanna reatha, chun nach rachaidh thar a chéile*
- *Úsáid staitisticiúil níos mó a bhaint as foinsí sonrai riarcháin*
- *Úsáid níos leithne a bhaint as tuairisciú leictreonach sonrai*
- *Leanúint de rúndacht na sonrai a chuireann freagróirí agus soláthraithe eile sonrai a chosaint go daingean.*

2.3 Úsáid níos mó a bhaint as sonrai riarcháin chun críocha staidrimh

Leanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh den bhfís a leag an Bord Náisiúnta Staidrimh síos sa doiciméad *Straitéis don Staidreamh 2003-2008*. Beidh úsáid sonrai riarcháin mar chabhair chun críocha staidrimh d'fhonn maolú a dhéanamh ar an ngá a bhíonn le sonrai a bhailí go díreach, rud a mhaolóidh an t-ualach ar bhailitheoirí sonrai. Beidh foinsí sonrai riarcháin mar chabhair chun aschuir nua nó aschuir níos fíorr a sholáthar, chomh maith, gan riachtanais nua a chruthú maidir le bailí sonrai.

Leanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh go gníomhach de réimse iomlán na moltaí¹ maidir le staitisticí sóisialta agus fiontar a d'fhorbair sí le blianta beaga anuas, chun fír an Bhoird a chur i bhfeidhm. Le linn ré saoil na straitéise seo, déanfaimid creat a fhorbairt a fhreagraíonn do staitisticí fuinnimh agus comhshaoil, chomh maith.

Príomhghnéisithe

- *Caidreamh níos mó le comhlacthaí poiblí eile maidir le forbairtí staidrimh*
- *Comhairle agus tacaíocht do chomhlacthaí poiblí maidir le húsáid sonrai riarcháin chun críocha staidrimh agus maidir lena straitéisí sonrai/staidrimh*
- *Cur chun cinn sainitheantóirí i gcoitinne agus aicmí thar chórais riarcháin.*

¹ An Bord Náisiúnta Staidrimh: *Staitisticí Sóisialta agus Comhionannais na hÉireann a Fhorbairt chun freastal ar Riachtanais Pholasáí*, Aibreán 2003; agus *Riachtanais Pholasáí maidir le Sonrai Staidrimh Fiontar*, Mí na Samhna 2005. Is féidir an dá thuarascáil sin, mar aon le tuairisci níos mionsonraithe leis an bPhríomh-Oifig Staidrimh maidir le riachtanais sonrai na Roinne ar fáil ar www.cso.ie.

2.4 Éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach trí úsáid na gcleachtas is fearr

Chun seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí, mar aon le luach ar airgead, is gá go mbeadh an meascán ceart agus an leibhéal ceart acmhainní ar fáil, agus iad sin a eagrú agus a imscaradh ar an mbealach is éifeachtaí. Tá gá le modhanna éifeachtacha chun sonraí a bhailiú, mar aon le modhanna éifeachtacha chun iad a eagrú, a phróiseáil agus a dháileadh. Ónar dtaobhne de, baineann tábhacht ar leith le forbairt agus le tiomantas ár lucht fairne ar fad, mar a bhaineann le húsáid tháirgiúil faisnéise agus teicneolaíochtaí cumarsáide. Sa chomthéacs sin, is céim thábhachtach ár gCóras nua Bainistíochta Sonraí (CBS) go luath in 2008.

Soláthróimid timpeallacht oibre dár lucht fairne agus dár gcuairteoirí ar fad a bheidh sábháilte, folláin. Chuige sin, leanfar de leasuithe leantacha, le haird ar riachtanais sábháilteachta agus rochtana ár lucht fairne agus ár gcuairteoirí ar fad, daoine faoi mhíchumas san áireamh. Úsáidfimid na cleachtais bhainistíochta is fearr agus na teicníci is fearr chun tionscadail a bhainistiú inár gcuid oibre. Leanfaimid de chumas agus de fheidhmíocht ár lucht fairne a fhorbairt, agus úsáidfimid an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chuige sin. Leanfaimid, chomh maith, de na próisis oibre a fheabhsú, ag teacht leis an dlús chun nuachóirithe i gcomhaontú páirtíochta sóisialta / dTreo 2016. Is gá go leanfaidh idir lucht bainistíochta agus lucht fairne dá dtiomantas ancreat páirtíochta a cuireadh ar bun san Oifig a úsáid chun déileáil le tionchar agus le bainistiú ahtruithe.

Príomhghnéisithe

- *Leanúint d'athbhreithniú agus de choigeartú a dhéanamh ar ár struchtúir eagrúcháin agus ár gcleachtais oibre laistigh de fhrámaíocht comhpáirtíochta*
- *Straitéis chuimsitheach AD a fhorbairt, mar thaca le polasaithe forchéimnitheacha maidir le bainistíochta fairne agus cleachtais chun forbartha a fheabhsóidh feidhmíocht na Príomh-Oifige Staidrimh*
- *Straitéis TF a fhorbairt don tréimhse 2008 go 2012, chun freastal ar riachtanais na Príomh-Oifige Staidrimh agus a cuid custaiméirí*
- *An Córas Bainistíochta agus Forbartha Fairne (CBFF) a chur i bhfeidhm chun uastairbhe na hOifige agus ár bhfoirne*
- *A chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm na coinníollacha nuálaithe in / dTreo 2016*
- *Leanúint den dul ar aghaidh faoi réir ag an reachtaíocht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa agus leis an Acht um Michumas.*

2.5 Feasacht agus úsáid staidrimh a mhéadú i measc an phobail

Ní críoch iontu féin staitisticí. Braitheann a bhfíorluach ar an eolas agus ar an tuiscnt a sholáthraíonn siad maidir le leas geilleagrach, sóisialta agus comhshaoil na tíre. Bua eile atá acu, a n-úsáid go héifeachtach mar bhonn le hanailís, le dea-phlanáil agus le déanamh cinntí ag lucht rialtais, gnó agus sochaí i gcoitinne.

Leanaimid dár gcuid oibre d'fhonn a chinntiú go sásáíonn ár dtáirgí riachtanais a lucht úsáidte agus gur féidir iad a rochtain gan dua. Caithfimid ár n-úsáideoirí a chur ar an eolas i dtaobh na sonraí agus i dtaobh cé chomh mór is is féidir leo brath ar neamhspleáchas, ar ghairmiúlacht agus ar mhacántacht ár n-eagraíochta agus ar cháilíocht ár n-oibre. Ról tábhachtach a bheidh ag córas staidrimh na hÉireann, mar a fheictear faoin straitéis seo é, maidir leis an gcorpas faisnéise staidrimh a theastaíonn agus i gcur chun cinn na feasachta i measc an phobail maidir le húsáid staitisticí ofigíúla.

Príomhghnáithe

- *Dul i gcomhairle go trúthrialta le custaiméirí, chun a riachtanais a chinntiú*
- *Freastal ar riachtanais ár n-úsáideoirí*
- *Úsáideoirí a chur ar an eolas i dtaobh ár n-aschur staidrimh agus i dtaobh na meán a úsáideadh chun iad a thiomsú*
- *Ár dtorthaí a scaipeadh go forleathan ar mhodh oscailte, neamhchlaon agus gan dua don úsáideoir*
- *Rochtain éasca ar líne a sholáthar chun teacht ar staitisticí, le naisc idir téamaí agus topaicí staitisticí gaolmhara*
- *Tuarascálacha téamúla a sholáthar, ina dtugtar le chéile sonraí gaolmhara ó aschuir éagsúla staidrimh, le tuairisceoiréacht fhaisnéiseach i dtaobh na bhfigiúr*
- *Gníomhú chun go gclúdófar ár staitisticí sna meáin*

Timpeallacht oibríochta atá níos casta

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an timpeallacht ina mbíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh ag obair agus ar na príomhcheisteanna ina dtugtar aghaidh sa straitéis seo. Ar na toscaí a bhfuil tionchar acu ar ár straitéis tá athruithe ar bhealaí saoil agus ar shochaí, dírialáil níos mó, domhandú níos mó agus fáil níos mó ar an teicneolaíocht eolais agus an tionchar a bhíonn aigean ar chúrsaí. Beidh tionchar ag na tosca sin ar an éileamh a bhíonn ar staitisticí de chineálacha éagsúla, ar conas a bhailímid agus a úsáidimid faisinéis agus conas a chuirimid torthaí ar fáil don phobal.

Éileamh méadaithe ar staitisticí

Tá freastal ar riachtanais úsáideoirí náisiúnta agus AE araon ar phríomhchuspóirí na Príomh-Oifige Staidrimh. Tá ról níos mó le himirt ag staitisticí sa lá atá inniu ann le linn cinnidh á ndéanamh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach; agus riachtanais níos mionsonraithe agus níos sofaisticiúla ná riamh ag ár gcuid úsáideoirí. Is iad na cuspóirí polasaí a leagtar síos i bhfrámaíocht comhpháirtíochta / *dTreo 2016* a chinnteoidh riachtanais faisinéise staitisticiúil, den chuid is mó. Eascróidh riachtanais nua staitisticiúla as sonraí Roinne agus as straitéisí staidrimh. Bainfidh na ceisteanna is tábhactaí le leathnú ár suirbhéanna ar theaghlaigh chun freastal ar riachtanais nua sláinte, oideachais agus eile; staitisticí níos mionsonraithe i dtaobh na himirce; forbairt; frámaíocht níos comhordaithe a fhorbairt maidir le staitisticí comhshaoil, fuinnimh agus forbartha inbhuanaithe; agus forbairt leantach staitisticí geilleagair agus gnó.

Reachtaíocht AE

Eascaíonn formhór mór na bhforbairtí ar staitisticí oifigiúla go díreach as riachtanais AE (a bhfuil formhór diobh siúd ina scáthán de riachtanais náisiúnta, chomh maith). Leanfaidh an fás ar éileamh an chórais staidrimh Eorpagh agus méadófar dá réir a thionchar ar ghníomhaíochtaí go leor de réimsí oibre na hOifige. Cé go gcuireann riachtanais AE ualach níos troime ar Bhallstáit níos lú, Éire san áireamh, bíonn tionchar dearfach acu ar scóip agus ar cháilíocht ár gcórais staidrimh. Soláthraíonn an Cód Eorpach um Chleachtas Staidrimh ar ghlac Ballstáit an AE leis i 2005, frámaíocht chun an córas náisiúnta staitisticí oifigiúla a thomhas agus a fhorbairt.

Córas Staidrimh na hÉireann a fhorbairt

Ag tógáil ar an obair a rinneadh go dtí seo maidir lena bhfuil sa *Straitéis don Staidreamh 2003-2008* ón mBord Náisiúnta Staidrimh a chur i bhfeidhm, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag leanúint dá cuid oibre in éineacht le Ranna Rialtais agus le Gníomhaireachtaí Rialtais chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar na dóigheanna ina mbaintear úsáid chun críocha staidrimh as sonraí riarracháin agus tacú le déanamh polasaí a bhunaítear ar fhianaise. San áireamh ansin tá an treoir a sholáthraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh maidir le straitéisí sonraí/staidrimh; comhairle faoi chúrsaí teicniúla; agus comhoibriú díreach i dtionscadail staidrimh. Cabhróidh úsáid nós mó as sonraí riarracháin chun críocha staidrimh, chomh maith le tionscnaimh eile, leis an ualach ar fhreagróirí a mhaolú. Beidh cúrsaí straitéise a bhaineann le haitheantóirí pearsanta agus gnó a leathnú ar fud an chórais agus córas cód poist a fhorbairt, fíorthábhachtach maidir lena chinntíú gur féidir linn an úsáid staidrimh is fearr a bhaint as sonraí riarracháin, áfach.

Samhlaíodh i straitéis 2003-2008 BNS forbairt frámaíochtaí nua do staitisticí sóisialta, geilleagracha agus comhshaoil. Cé go raibh an dul chun cinn go dtí seo dírithe den chuid is mó ar an dá cheann tosaigh, beidh clár á fhorbairt againn ag freagairt dóibh maidir le staitisticí comhshaoil agus fuinnimh, i gcomhar le Ranna Rialtais agus le Gníomhaireachtaí Rialtais a bhaineann le hábhar.

An tUalach Freagartha

Tá an maolú is mó is féidir ar an ualach ar fhreagróirí i measc ár spriocanna ardleibhéil. Leag an tuarascáil a chuir an *Fóram um Rialáil Gnó* amach in Aibreán 2007 béis ar an tionchar measta a bhíonn ag bailiú sonraí staidrimh ar chúrsaí gnó. Tá tiomantas tugtha ag Ballstáit uile an AE an t-ualach riarracháin i gcoitinne ar lucht gnó a mhaolú de 25% faoi 2012. Cé nach bhfuil i staitisticí ach cuid bheag

den ualach riacháin i gcoitinne, tá tiomantas tugtha ag an bPríomh-Oifig Staidrimh an t-ualach freagartha ag eascraigheas suirbhéanna staidrimh a thomhas agus féachaint chuige nach leagtar ar lucht gnó ach ualach cothrom réasúnta. Cabhróidh forbairtí maidir le tuairisciú leictreonach agus úsáid níos mó sonraí riacháin chun críocha staidrimh go mór leis sin.

Cé go raibh freagairt an-ard thar na blianta ar shuirbhéanna teaghlaigh na Príomh-Oifige Staidrimh, tá méadú ag teacht ar an deacracht a bhaineann le staitisticí sóisialta agus teaghlaigh. Is léiriú é sin ar na hathruiithe níos leithne ar an tsochaí, mar shampla, an treocht i dtreo teaghlaigh níos lú agus rannpháirtíocht níos mó sa lucht saothair. Agus suirbhéanna nua á dtabhairt isteach againn, beimid ag díriú ar an úsáid is mó is féidir a bhaint as foinsí sonraí reatha, i gcás go mbíonn fáil ar a leithéid, agus déanfaimid an t-ualach freagartha i gcoitinne a chuirtear ar theaghlaigh a thomhas.

Agus sinn ag plé leis na soláthraithe sonraí ar fad, táimid tiomanta ar aghaidh a thabhairt ar na príomhcheisteanna a bhaineann le freagairt, mar atá tráthúlacht agus cáiliúcháint. Díreoidim ar ár riachtanais a chur in iúl chomh soiléir is is féidir linn ar na dögheanna seo a leanas; dearadh maith ceistneoirí, forbairt cainéal nua freagartha agus soláthar faisnéise míniúcháin. Úsáidfimid na cumhachtaí atá ar fáil faoin Acht Staidrimh, 1993, chun déileáil le heasnamh freagartha agus le heasnamh cáiliúchta.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

D'fhoilsíodh an Phríomh-Oifig a Scéim um Teangacha Oifigiúla 2007-2010 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla i Mí na Samhna 2007. Sa scéim sin, leagtar síos ár dtiomantais maidir le seirbhísí a sheachadadh as Gaeilge.

Teicneolaíocht na Faisnéise

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis Córas nua Bainistíochta Sonraí (CBS) a thabhairt isteach le déanaí chun a cuid suirbhéanna a phróiseáil. Ar na príomhghnáithe a bhaineann leis an CBS tá glacadh le haicmí caighdeánaithe/le modhanna caighdeánaithe ar fud na hOifige; bunachar sonraí lárnach dáiliúcháin a chruthú don Phríomh-Oifig Staidrimh; agus réitigh chorparáideacha roghchlár a sholáthar do gach céim den phróiseas táirgthe. Agus béim níos mó á cur againn ar fhoilseacháin leictreonacha seachas páipéir, déanfaimid ár bpróiseas dáiliúcháin a athchóiriú i ré saoil na straitéise seo chun go mbeidh rochtain éasca ag úsáideoirí ar réimse staitisticí níos fairsinge.

Scileanna agus inniúlachtaí

Aithníonn an Phríomh-Oifig Staidrimh a thábhachtaí is atá sé lucht oibre spreagtha ardoilte a choinneáil. Tá an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) curtha in áitanois mar an phríomháis chun daoine laistigh dár n-eagraíocht a bhainistiú agus a forbairt. Mar dhlúthchuid dár straitéis acmhainní daonna, táimid tiomanta do chomhionannas deiseanna don lucht foirne ar fad. Tá dul chun cinn mór déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i dtreo córas ardaithe céime atá lán-iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas le blianta beaga anuas agus leanfaimid den mhargáil le hionadaithe lucht foirne chun córais ardaithe céime atá lán-iomaíoch a chur in áit le linn ré saoil na straitéise seo.

Ó thaobh na déimeagrafaíochta de, beidh próifíl lucht foirne na hOifige ina dúshlán le linn ré saoil na straitéise seo. Tá cuid mhór den fhoireann ghairmiúil a chuaigh ag obair san Oifig sna 1970í, agus Éire díreach tar éis dul isteach sa CEE, ag druidim le haois scoir. Ní mór dúinn pleánail a dhéanamh chun an saineolas corporáideach agus na sainscileanna corporáideacha a chothabháil go héifeachtach, agus na bainisteoirí sinseartha sin ag éirí as a gcuid oibre sa Phríomh-Oifig Staidrimh.

Macántacht ghairmiúil

Ghlac Ballstáit an AE leis an gCód Eorpach um Chleachtas Staidrimh i 2005. Sa chód sin leagtar síos caighdáin maidir le struchtúir institiúideacha, le próiseáil agus le foilsíú staitisticí sna Ballstáit (féach Agusín 1) agus tá cur i bhfeidhm an chóid sin á fhaire trí phróiseas athbhreithnithe lucht aoncheirde, ina bhfuil Eurostat agus oifigí náisiúnta staidrimh an AE páirteach. Aithnítear go bhfuil struchtúir institiúideacha na Príomh-Oifige Staidrimh agus a nósanna imeachta maidir le bailiú, le próiseáil agus le foilsíú staitisticí ar ardchaighdeán. Le linn ré saoil na straitéise seo, déanfaimid ár gcáipéisí bainistíochta cáilíochta agus ar ár bpróisis a athbhreithniú agus a fhoirmliú.

Ó thaobh na Príomh-Oifige Staidrimh de, is gá go mbeadh muinín ag an bpobal as staitisticí oifigiúla. Is féidir le botúin mhóra ar bith i staitisticí foilsithe baint de dhearcadh an phobail i leith staitisticí oifigiúla, ó thaobh an chruinnis agus na neamhchlaontachta de. I gcás go ndéantar botúin, tá sé mar pholasaí againn iad a cheartú chomh luath agus is féidir, míniú a thabhairt ar conas a tharla ann dóibh agus céimeanna ciallmhara a ghlacadh chun nach dtarlódh a leithéid arís. Léiríonn an oscailteacht seo a thábhachtaí is atá sé, dar linn, ardchaighdeáin ghairmiúla a choinneáil ag imeacht.

4.1 Staitisticí Maicreacnamaíocha

Clúdaíonn an clár sin na réimsí eacnamaíochta – Cuntais Náisiúnta, Comhardú na níocaíochtaí, Trádáil Sheachtrach agus cuntas shatailíteacha ghaolmhara a bhaineann le cúrsaí Sláinte agus Comhshaoil. Le blianta beaga anuas, tá an Príomh-Oifig Staidrimh ag cur mionsonraí níos mionsonraithe ar fáil maidir le geilleagar na hÉireann, atá fíorchasta. I measc na bpriomhghhnéithe go dtí seo, tá:

- cuntas rannán institiúideacha a thabhairt isteach, idir chúrsaí airgeadais agus chúrsaí eile
- sraith cuntas náisiúnta a thagann lena chéile ó thaobh na staire de a thiomsú
- sonraí níos mionsonraithe i sraitheanna bainteach le Comhardú na níocaíochtaí, go háirithe maidir le seirbhísí a easpórtáil agus a impórtáil.

Don straitéis seo, leanfaimid orainn ag cur béim ar cháilíocht agus ar thráthúlacht na priomhshraitheanna ar fad. Feabhsóimid tráthúlacht cuid de na sraitheanna reatha agus tabharfaimid anailísí nua isteach. Leanfaidh na hélimh a eascraíonn as reachtaíocht AE agus reachtaíocht Bhanc Ceannais na hEorpa de ról tábhachtach a bheith acu maidir le scóip agus le tráthúlacht aschuir na Príomh-Oifige Staidrimh a chinntiú. Caithfear aire ar leith a thabhairt do leasuithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta do staitisticí maicreacnamaíochta a chur i bhfeidhm.

Leanfaimid de bheith ag tabhairt aird ar leith ar chúrsaí d'fhonn comhsheasmhacht na sonraí a fhaightear ó mhórghhnóthais a chinntíu. Is dúshlán mór an domhandú maidir le staitisticí náisiúnta a thiomsú, go príomha toisc gur beag an tábhacht a bhaineann le teorainneacha náisiúnta ó thaobh na gcuideachtaí sin.

Maidir le cuntas shatailíteacha, beimid ag obair chun áiseanna a fhorbairt lena dtiomsú go tráthrialta. Chiuge sin, beimid ag obair i gcomhar le heagraíochtaí eile agus chun topaicí na cuntasóireachta satailítí a thabhairt isteach sa phríomhshruth laistigh de na rannán ábhartha den Phríomh-Oifig Staidrimh.

4.1.1 Cuntas Náisiúnta

Maidir le cuntas náisiúnta, beidh sé mar phríomhchuspóir réimse na staitisticí tráthúla a mhéadú arís eile ag freagairt do riachtanas úsáideoirí, go háirithe do riachtanais Choimisiún an AE. Déantar na príomhioumláin a shainmhíniú faoi Rialachán ESA95¹ agus leagann síos na táblaí bliantúla agus ráithiúla atá le tiomsú agus le cur ar aghaidh chuitg Eurostat. Cuimsíonn siad sin táblaí Ionchuir/Aschuir agus Cuntas Réigiúnda. Rinneadh an rialachán sin a leasú le déanaí. Cé gur baineadh roinnt ceanglas as an rialachán leasaithe (ag clúdach roinnt sraitheanna iarshonraí i gcás na hÉireann), cuireadh roinnt eile leis.

Tá roinnt maolaithe ag Éirinn ó thaobh an ESA95 agus rialachán eile, ar feadh tréimse teoranta. Obair nach beag a bheidh ann don Phríomh-Oifig Staidrimh réiteach do shíothlú na maolaithe sin, chomh maith leis na táblaí nua a thiomsú atá ag toastáil faoin rialachán nua. I measc na bhforbairtí is mó, foilseofar an fhaisnéis ráitiúil um Olltáirgeacht Intíre laistigh de 70 ó dheireadh na ráithe, ag tosnú i Mártá 2009; agus cuntas ráithiúla earnála nach cuntas airgeadais a chur chuitg Eurostat lena gcur isteach le comhiomláin AE. Meastachán níos sealadaí a bheidh ansin, seachas mar a chuirtear ar fáil tar éis 90 lá faoi láthair, toisc go mbeidh níos lú sonraí príomha ar fáil. Bainfidh an deacracht chéanna le cuntas ráithiúla earnála nach mbaineann le cúrsaí airgeadais, inar gá roinnt athróg a mheas nach bhfoilsítear go ráitiúil faoi láthair; is dócha go bhfágfaidh sé sin nach mbeidh na meastacháin do na hathróga sin chomh seasmhach sin, i dtosach ama, ar aon nós.

Tá obair nach beag déanta maidir le tomhas bunaithe ar aschuir do phraghas reatha san Olltáirgeacht Intíre. Beidh sé sin mar chomhlánú ar an dá thomhas reatha – .i. na modhanna ioncaim agus caiteachais. Tá sé mar aidhm na trí thomhas a fhoilsiú le chéile i ndeireadh na dála, ach foilseofar tomhas an aschuir mar fhaisnéis fhorlíontach i dtosach ama.

¹ Rialachán Comhairle (AE) Uimh. 2223/96 arna leasú ag Rialachán Comhairle (AE) Uimh. 1392/2007.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, tá béim níos mó á cur ar aschur rialtais a thomhas. Tá bearta leasaithe maidir le cúrsaí sláinte agus oideachais curtha in áit cheana féin agus a thuilleadh oibre á bheartú i réimse na sláinte. Táthar ag beartúanois, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an mBord Taighde Sláinte measúnú a dhéanamh ar an modheolaíocht idirnáisiúnta maidir le Cuntais shaitilíteacha Sláinte agus chun cuntais phíolótacha a tháirgeadh i 2009.

Tá cainteanna ar siúl faoi láthair ar leibhéal idirnáisiúnta (idir na NA agus institiúidí eile) maidir le hathbhreithniú ar an gCóras um Chuntais Náisiúnta. Caithfear tú a chur le hullmhúcháin sna blianta beaga atá romhainn chun na caighdeáin nua a chur i bhfeidhm, chomh maith le haicmiú leasaithe AE NACE. Is dócha go gcaithfear roinnt sonraí breise a bhailíú don Chóras um Chuntais Náisiúnta.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Eisiúint Olltáirgeacht Intíre ráithiúil a fhoilsíú laistigh de 70 lá ó dheireadh na ráithe, i Márta 2009*
- *Cuntais ráithiúla earnála nach cuntais airgeadais a fhoilsíú laistigh de 90 ó dheireadh na ráithe, ag tosnú Meán Fómhair 2008*
- *Tomhas bunaithe ar aschur a thabhairt isteach maidir le praghas reatha don Olltáirgeacht Intíre*
- *Cuntais shaitilíteacha Sláinte a tháirgeadh faoi 2009.*

4.1.2 Staitisticí agus comhardú na níocaíochtaí

Le blianta beaga anuas, táimid ag diriú ar cáilíocht agus tráthúlacht staitisticí a bhaineann le Comhardú na níocaíochtaí a choinneáil suas agus, san am céanna, ag freastal ar riachtanais AE agus BCE maidir le hanailísí breise agus, ina theannta sin, sinn ag cur le réimse na sonraí a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí. Ina theannta sin, ag eascair as moltaí BNS, cuireadh socrutithe nua in áit, i gcomhar leis an BCÚSAÉ maidir le staitisticí do bhainc agus do chistí infheistíochta a bhailíú agus a thiomsú. Tá na socrutithe sin á dtáistáil anois agus bailíú dúbailte sonraí in úsáid chuige sin ar an seandóigh agus ar an dóigh nua. Leanfar de sin ar feadh tamaill bhig, ach, nuair a bheidh an córas nua ag feidhmiú, beidh laghdú suntasach ar an ualach ar fhreagróirí, toisc go sásóidh an t-aon tuairisceán amháin scata riachtanas de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh agus an BCÚSAÉ.

¹ An Bord Náisiúnta Staidrimh: *Riachtanais Pholasai maidir le Sonrai Staidrimh Fiontar*, Mí na Samhna 2005.

Tá an fhorbairt sin ag teacht lenár ngealltanás maidir leis an ualach ar sholáthraithe sonraí a laghdú. Dearadh an córas nua bailithe chun freastal ar riachtanais BCE maidir le staitisticí Punann Infheistíochta a bhailiú ar bhonn urrús go hurrús. Déanfar na tortaí sin a chur i gcomparáid le Bunachar Sonrú Urrús Láraithe (BSLU) atá á reáchtáil ag an BCE. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin feabhas ar chálíocht na staitisticí ar leibhéal AE. Tá sé i gceist na socruite chun sonraí Punann Infheistíochta a bhailiú ar an mbonn sin a leathnú thar aicmí eile fiontar airgeadais le linn ré saoil na straitéise seo.

Maidir leis na staitisticí a bhaineann le Comhardú na níocaíochtaí, tá cainteanna fós ar siúl ar an leibhéal idirnáisiúnta maidir le leasuithe ar Lámhleabhar an CAI um Chomhardú na nlocaíochtaí agus sainmhíniú tagarmharcála an OECD ar cad is Infheistíocht Dhíreach Choigríche ann. Foilseofar na caighdeáin leasaithe sin i 2008 agus caithfear dul i mbun ullmhúchán chuige sin agus i gcomhair an NACE leasaithe, chomh maith.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Freastal ar na riachtanais réimse, cáilíochta agus tráthúlachta maidir le staitisticí a bhaineann le Comhardú na níocaíochtaí ar bhonn leantach*
- *An réimse oibre i gcomhar leis an BCÚSAÉ a leathnú a dhóthain faoi dheireadh 2010 chun gur féidir deireadh a chur le báiliú sonraí ag Príomh-Oifig Staidrimh maidir le formhór na bhfiontar airgeadais faoina ndéantar suirbhéanna orthuanois.*

4.1.3 Trádáil Sheachtrach

Is é an sprioc is bunúsaí sa réimse seo ná scoth na sonraí trádála seachtraí ceannacháin a fhoilsiú go tráthúil. Is gá na próisis reatha chun sonraí a bhailiú agus cáilíocht a dhearbhú a leasú go mór agus ní mór dúinn réitigh níos uaillmhianaí agus níos sofaisticiúla a thabhairt isteach, i gcomhar leis na Coimisinéirí loncaim a bhailíonn na sonraí.

Cuireann moltaí Choimisiún an AE maidir le córas “aonsruthach” chun trádáil a thomhas cáilíocht staitisticí trádála i mbaol. Tá na moltaí sin ag céim an taighde de, mar chuid de thionscadal MEETS an Choimisiún chun riachtanais sonraí gnó a shimplíú. Ach iad sin a bheith curtha i bhfeidhm, chiallóidis nach ndéanfadhbh na Ballstáit ach easpórtálacha amháin a chur ar an taifead agus impórtálacha a bhunú ar fhigiúirí easpórtála a gcomharsan amháin. Cé gurbh fhéidir go maolódh an cur chuige sin siar an t-ualach riaracháin ar lucht gnó, d’fhéadfadh sé dochar mór a dhéanamh do chálíocht na staitisticí, i gcás tíortha beaga, ach go háirithe.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Staitisticí mionsonraithe trádála míosúla a fhoilsíú laistigh de dhá sheachtain déag*
- *Féachaint chuige, i gcomhar le hoifig VIMA na gCoimisinéirí loncaim, go ndéantar staitisticí trádála den scoth a fhoilsíú, ainneoin athrú ar bith ar mhodhanna a mbailithe.*

4.1.4 Timpeallacht

Tá glacadh níos mó in aghaidh an lae leis an tuairim gur cheart cúrsaí comhshaoil agus sóisialta a bheith ag croílár na hoibre, chomh maith le cúrsaí forbartha geilleagair, agus cinneadh á dhéanamh. Tá ról ag an bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le cuntais shaitilíteacha a sholáthar mar chomhlánú ar na Cuntas Náisiúnta.

I gcomhthéacs an chomhshaoil, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag beartú an obair a bhaineann leis na cuntais shaitilíteacha a leathnú ar na dóigheanna seo a leanas:

- (i) méadú ar an réimse mionsonraithe sna cuntais reatha maidir le hastuithe go haer; agus
- (ii) forbairt ar chuntas maidir le dramhaíl agus le huisce.

Pléifear leis na riachtanais sonraí a bhaineann le hábhar i gcomhair leis na dreamanna seo a leanas, nuair is féidir sin: an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann (FIÉ), na hÚdarás Áitiúla agus dreamanna eile a choinníonn sonraí comhshaoil agus fuinnimh. B'fhéidir gur ghá sonraí eile a bhailíú, ag brath ar cháilíocht na bhfoinsí reatha.

Is féidir leis an bPríomh-Oifig Staidrimh cabhrú leis an gCuntasáiocht um Shreabhadh Ábhartha trí mheán sonraí trádála agus Prodcom a shníomh isteach ina chéile chun an sreabhadh ábhar idir an timpeallacht aiceanta agus an geilleagar a thomhas go fisiciúil. Tá túis curtha le hobair thrialach maidir le sraith meastachán am tástála a thiomsú.

Ceist thábhachtach don chéad Straitéis náisiúnta eile um Fhorbairt Inbhuanaithe. Beidh an Phríomh-Oifig Staidrimh gafa leis an obair sin, mar cheannasaí, más oiriúnach, agus í rannpháirteach sna háiseanna foirmeálta comhordaithe a mholtar chun an obair sin a threorú.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Leanúint d'fhoilsiú na gCuntas reatha um Astuithe go hAer (le leathnú scóipe ag brath ar cháilíocht sonraí).*
- *Sraith tosaigh Cuntas um Shreabhadh Ábhartha a fhoilsiú faoi dheireadh na bliana 2008*
- *Lán-rannpháirtíocht sna próisis ar fad a bhaineann leis na táscairí sa Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe.*

4.2 Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta

Folaíonn an clár seo an Daonáireamh agus trí mhórshuirbhé teaghlaigh: an Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil (SNTR) leanúnach; an Suirbhé AE bliantúil um loncam agus Dálaí Maireachtála (EU-SILC); agus an an Suirbhé Buiséid Teaghlaigh (SBT) gach cúigiú bliain.

Ina theannta sin, táirgtear staitisticí rialta maidir i dtaobh daonra agus imirce, staitisticí beatha agus an margadh saothair. Chomh maith leis sin, ghlac an Oifig freagracht ón nGarda Síochána i 2006, maidir le staitisticí a bhaineann le coireanna arna dtuairisciú, mar réamhullmhúchán do réimse níos leithne staitisticí a fhorbairt maidir le coireacht, le híospairt agus leis an gcóras um cheartas coiriúil.

Tá mar phríomhaidhm, leis, sonraí ó fhoinsí éagsúla, go háirithe ó fhoinsí riarracháin, a thabhairt le chéile chun anailís níos cuimhsithí a dhéanamh ar dhálaí sóisialta.

4.2.1 An Daonáireamh

Ar na gnéithe is tábhactaí de na mórrathruithe déimeagrafacha a tharla in Éirinn le blianta beaga anuas tá an méadú mear ar líon na n-inimirceach agus scaipeadh an daonra timpeall na tíre. Is é an Daonáireamh an t-aon bhealach amháin i gcónaí chun na hathruithe sin a thaifeadadh go cruinn cuimsitheach ar gach leibhéal ar fud an Stáit. Rud é sin a théann i gcion, ach go háirithe, ar an gcuspóir monatóireacht a dhéanamh ar dhálaí grúpaí beaga den daonra (mionlaigh eitneacha, mar shampla), nó leis an gcuspóir forbairt ar leibhéal ceantair bhig a mheasúnú.

Cuireadh roinnt ceisteanna nua le Daonáireamh 2006 den chéad uair. Ina measc bhí ceisteanna maidir le cúlra eitneach nó cultúrtha, baint le gníomhaíochtaí deonacha agus, i gcás ban, líon na leanáí a bhí tugtha ar an saol acu. Trí úsáid

éifeachtach a bhaint as teicneolaíocht phróiseála an lae inniu, cuireadh clár foilsitheoreachta Dhaonáireamh 2006 i gcríoch faoi Mhí na Samhna 2007. Den chéad uair, foilsíodh staidreamh maidir le ceantair bheaga saor in aisce ar shuíomh idirlín na Príomh-Oifige Staidrimh.

Clúdóidh Rialachán AE an ceangal atá orainn daonáireamh a ghlacadh i 2011 agus beidh an príomhfhócas le linn ré saoil na straitéise seo ar ullmhú i gcomhair an daonáirimh sin. Clúdóidh an clár ullmhúcháin sin:

- Modheolaíochtaí de chineálacha eile goirt a scrúdú, le béim ar leith ar na bealaí chun tuairisceán daonáirimh a chur isteach tríd an Idirlíon.
- Comhairliúchán le húsáideoirí chun riachtanais nua a aithint agus chun tástáil phíolóitach a dhéanamh ar athruithe molta ar bith sula gcuirfear moltaí faoi bhráid an Rialtais maidir leis an ábhar a chuirfear isteach i gceistneoir an Daonáirimh i ndeireadh na dála.
- Córas Faisnéise Geografaí (GIS) a fhorbairt, agus an bunachar sonraí náisiúnta seoltaí (an Geo-Eolaire) in úsáid chuige sin, mar thaca leis an obair sa ghort agus mar éascaíocht chun torthaí a sholáthar maidir le sraitheanna geografacha éagsúla.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Measúnú a thabhairt chun críche faoi lár 2009 maidir leis na hathruithe ar an modheolaíocht sa ghort agus córas a fhorbairt chun na hathruithe a chur i bhfeidhm faoi lár 2010.*
- *Moltaí i gcomhthéacs an chéad dhaonáirimh eile a chur faoi bhráid an Rialtais roimh dheireadh 2009, le haird ar dhearcadh úsáideoirí agus ar indéantacht na n-athruithe molta.*
- *Córas Faisnéise Geografaí leasaithe a fhorbairt le chur i ngníomh sa chéad dhaonáireamh eile roimh dheireadh 2010.*

4.2.2 Suirbhéanna Teaghlaigh

Tá an Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil (SNTR) leanaithe seánbhunaitheanois mar fhoinsé iontaofa sonraí fairsinge tráthúla maidir leis an lucht saothair. Ina theannta sin, tá sé i ndiaidh a fhobhartha mar fhoinsé luachmhar faisnéise maidir le téamaí sóisialta agus déimeagrafacha. Is é dóigh ina mbaintear sin amach ná modúil speisialta suirbhé a chur isteach sa chlár suirbhé ráithiúil. Is é an cuspóir le linn ré saoil na straitéise seo ná leanúint den obair chun gnéithe uile an tsuirbhé a fhorbairt agus a chomhtháthú, le haird ar riachtanais athraithe úsáideoirí.

Tá an suirbhé bliantúil EU-SILC, ar cuireadh tús leis i 2003, ina fhoinse sheanbhunaithe, chomh maith céanna, maidir le faisnéis faoi dhálaí ioncaim agus maireachtála. Leanfaimid orainn den choigeartú ar an gclár faoina scaiptear iad, chun go mbeadh sé ag freagairt níos cruinne do riachtanais úsáideoirí. Agus suirbhé 2007 curtha i gcrích againn, is féidir anailís a dhéanamh ar an ngné fadaimsire de dhearadh an tsuirbhé, bunaithe ar fhráma ama ceithre bliana, mar dhlúthchuid leanúnach d'aschuir an tsuirbhé.

Cé go soláthraíonn an dá shuirbhé sin réimse leathan sonraí tráthúla maidir le teaghlaigh Éireannacha, is léir anois go gcaithfear áis eile suirbhé a chur leo chun na hélimh náisiúnta agus AE a shásamh ina n-iomláine, ó thaobh sonraí ar feadh an réimse shóisialta ar fad. Cuimsíonn na hélimh sin riachtanais nua nó leasaithe maidir le faisnéid i dtaobh na dtópaicí seo a leanas: oideachas aosach; staid sláinte; coireacht agus íospairt; taisteal; agus úsáid ama. Táthar ag smaoineamh ar an Suirbhé Buiséid Teaghlaigh (SBT) a athmhúnlú mar chuid de chóras nua suirbhéanna a fhorbairt. Chiallódh sé sin bogadh ón suirbhé mórscaala a chuirtear ar siúl gach cúigiú bliain go dtí ceann leanúnach bliantúil níos lú.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Forbairt leanúnach agus comhdhlúthú na suirbhéanna SNTR agus EU-SILC chun freastal ar riachtanais úsáideoirí*
- *Foilsíú staitisticí sa chéad leath de 2009, bunaithe ar anailís fadaimsire de na suirbhéanna EU-SILC a cuireadh í gcrích ó 2004 i leith*
- *Córas nua suirbhéanna teaghlaigh a thabhairt isteach i 2009, ag brath ar chomhaontú maidir lena mhaoiniú.*

4.2.3 Daonra, Imirce agus Staitisticí Beatha

Tá fás tapaidh dhaonra na hÉireann, arna thiomáint ag ardleibhéal inimirce, tar éis tosaíocht ard a dhéanamh de shonraí bliantúla den scoth i dtaobh an daonra agus na himirce. Toisc gan córas cuimsitheach clárúcháin daonra a bheith ann, agus i gcomhthéacs soghluaiseachta níos mó agus socruithe maireachtála níos solúbtha, is dúshlán suntasach staidrimh é seo. Agus iad curtha i gcónard le torthaí na nDaonáireamh, bhí na meastacháin bhliantúla a táirgeadh le deich mbliana anuas ar ardchaighdeán agus, dá thoradh sin, níor theastaigh ach leasú beag iardhaonáirimh. Beidh mar thosaíocht, ar an ábhar sin, an caighdeán sin a choinneáil suas thar an tréimhse reatha idir dhá dhaonáireamh, trí leanúint de gach a mbíonn de tháscairí ar fáil agus d'fhoinsí sonraí a úsáid go héifeachtach.

Is le déanaí a cuireadh i gcrích le déanaí an tionscadal chun ICD 10 (*Aicmiúchán Idirnáisiúnta Galar: an 10^ú Leagan*) chun cúiseanna báis a aicmiú, agus foilsíodh sonraí um chuíseanna báis bunaithe ar an gcóras nua den chéad uair ar eisiúint na staitisticí do chéad ráithe 2007. Tá feabhas tagtha ar cháilíocht agus ar iomláine na fainseise a chuirtear ar an taifead ar dheimhnithe báis, agus cuirfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh túis le tionscadal speisialta i 2008 chun na báis a cuireadh ar an taifead sa bhliain thíos i ndiaidh Dhaonáireamh 2006 a cheangal leis na tuairisceáin aonair a fhreagraíonn dóibh sa Daonáireamh. Má éiríonn go maith leis an obair sin, soláthróidh an comhad sonraí a thiocfaidh as sin bonn chun anailís chuimsitheach socdhéimeagrafach mortlaíochta a dhéanamh ar scáladh nár bhfhéidir a dhéanamh in Éirinn riamh roimhe sin.

Tá bailchríoch á cur anois ar theilgin daonra agus lucht saothair ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnda, bunaithe ar thorthaí an Daonáirimh is déanaí, agus foilseofar iad siúd go luath i 2008. Foilseofar Tábla Beatha nuashonraithe i 2008, chomh maith.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Leanúint den úsáid is mó is féidir a bhaint as na foinsí ar fad a bhíonn ar fáil chun fainseis ardcháilíochta a sholáthar maidir le hathruithe daonra agus le himirce*
- *Tús a chur le tionscadal speisialta i 2008 chun sonraí mortlaíochta agus Daonáirimh a réiteach lena chéile.*
- *Táblaí nuashonraithe Beatha agus teilgin daonra agus lucht saothair a fhoiliú le linn 2008.*

4.2.4 Staidreamh Fostaíochta

Foilsíodh na torthaí tosaigh den suirbhé ráithiúil nua um Thuilleamh, Uaireanta Fostaíochta agus Costais Saothair (STUFCS) i Lúnasa 2007, rud a chlúdaíonn na na hearnála Tionsclaíochta agus Airgeadais. Beidh sé mar thosaíocht le linn ré saoil na straitéise seo an suirbhé sin a leathnú ar fud an gheilleagair, chun léargas cuimsitheach a fháil ar thoscaí festaíochta agus ar chostais saothair.

Foilsíodh torthaí an dara Suirbhé Fostaíochta Náisiúnta (SFN) i Mí na Nollag 2007. Leanfar de sin mar shuirbhé bliantúil, chun bonn seasmhach a sholáthar do scrúdú leanúnach ar struchtúr agus ar cháilíocht na festaíochta.

Leagann an dá shuirbhé nua sin ualach breise ar fhreagróirí agus ar fhiontair, ach go háirithe. Chun an t-ualach sin a mhaolú, chuaigh an Phríomh-Oifig Staidrimh ag

obair le roinnt soláthraithe bogearraí chun na hélimh nua staidrimh a shníomh isteach mar mhodúil laistigh de na gnáthchórais párola. Ar an mbealach sin, beifear in ann na riachtanais staidrimh a shásamh gan an oireadh sin dua, rud a mhaolóidh an t-ualach ar lucht gnó.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Suirbhé STUFCS a leathnú de réir a chéile chun na hearnálacha ábhartha ar fad den gheilleagar a chlúdach ón 1^ú ráithe de 2008 amach*
- *Suirbhé SFN a fhorbairt agus a choigeartú a thuilleadh chun bonn seasmhach a sholáthair d'anailís ar struchtúr agus ar cháilíocht na fostáiochta in Éirinn*
- *An t-ualach ar fhreagróirí a mhaolú trí fhorbairt córas párola agus a leathnú go fiontair chun gur féidir na sonraí a bhíonn riachtanach a ghineadh go huathoibríoch, chomh mór is is féidir.*

4.2.5 Staidreamh Coireachta agus Íospaire

I dtreo dheireadh 2006, ghlac an Oifig freaghracht ón nGarda Síochána i 2006, maidir le staitisticí a bhaineann le coireanna arna dtuairisciú a ullmhú agus a fhoilsiú go ráithiúil. Cuireadh i gcríoch go sásúil an cuspóir tosaigh, mar atá, na sonraí ráithiúla reatha faoi choireanna ceannlíne a athfhoilsiú agus d'fháiltigh úsáideoirí i gcoitinne roimh bhaint na Príomh-Oifige Staidrimh leis. Tá obair i gcomhar le Grúpa Saineolgaiseach Comhairliúcháin ag teacht chun crícheanois maidir le córas nua aicmiúcháin a fhorbairt, agus é sin á bhunú ar chóras atá in úsáid san Astráil anois. Soláthróidh sé sin clúdach níos cuimsithí agus níos rialta maidir le coireanna arna dtuairisciú, agus tabharfadh isteach an córas sin do shuirbhéanna ráithiúla agus bliantúla araon go luath i 2008.

Mar chuid de chlár SNTR na modúl sóisialta, cuireadh trí shuirbhé i gcríoch maidir le coireacht agus le híospairt – i 1998, i 2003 agus i 2006. Tá faisnéis nua luachmhar curtha ar fáil trí na suirbhéanna sin maidir le minicíocht agus le tionchar coireanna ardmhinicíochta, mar shampla, gadaíocht, robáil agus ionsaí. Ina theannta sin, bailíodh faisnéis maidir le dearcadh an phobail agus an eagla a bhaineann le coireacht agus maidir le muinín daoine as feidhmíocht an Gharda Síochána. Tá cumas teoranta ag an SNTR faisnéis den chineál sin a bhailú agus ní mór, ar an ábhar sin, suirbhéanna sainiúla a fhorbairt. Dhéanfaidís sin na modúil reatha a leathnú agus chludóidís réimsí níos íogartha agus níos deacra, chomh maith, mar shampla, foréigean gnéis agus foréigean teaghlaigh. Dhéanfaí forbairt ar na suirbhéanna sin mar chuid den chlár, mar atá thuas, chun áis nua a chur le suirbhé teaghlaigh.

Cuirfear forbairt chomhtháite staidrimh a bhaineann leis an gcóras um cheartas coiriúil i gcoitinne (.i. cúirteanna, príosún agus seirbhísí promhaidh) mar cheist ardtosaíochta le linn ré saoil na straitéise seo.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- Córás nua aicmiúcháin a thabhairt isteach maidir le coireanna arna gcur ar an taifead agus figiúirí bliantúla 2006 a eisiúint go luath i 2008
- Córás níos cuimsithí a thabhairt isteach céim i ndiaidh céime maidir le suirbhéanna i leith na coireachta agus na híospaire ó 2009 amach
- Forbairt agus foilsíú staidrimh chomhtháite don chóras um cheartas coiriúil le linn ré saoil na straitéise seo

4.2.6 Comhtháthú Staitisticí Sóisialta

Leagfar béim mhór sa réimse seo ar obair i gcomhar leis na príomh-Ranna Rialtais a bhíonn bainteach le cúrsaí sóisialta, chun dlús a chur le cur i bhfeidhm a gcuid straitéisí sonraí ar bhealach comhordaithe, le tosaíochtaí cuí. Beidh sé mar chuspóir tábhachtach an leas is mó is féidir a bhaint as taifid riarrachán.

Le linn na straitéise deireanaí, eisíodh roinnt tuarascálacha téamúla, a thug le chéile réimse sonraí ar aon téama ar bhealach eagraithe, mar chomhlánú ar thuarascáil ghinearálta *Forás na hÉireann faoi Mheas*. Ina measc bhí tuarascálacha maidir le gnéas, le haois agus le comhionnanas. Moltar an clár sin a choigearcú agus a fhorbairt a thuilleadh le linn ré saoil na straitéise seo chun réimse cuimhsitheach faisnéise a sholáthar do lucht déanta polasaí agus d'úsáideoirí eile, ag freagairt dá riachtanais éagsúla.

Cuspóir eile ardtosaíochta is ea é sonraí ó fhoinsí éagsúla a nascadh le chéile, bídis bunaithe ar shuirbhéanna nó iad ina sonraí riarracháin, ó thaobh staitisticí sóisialta a chomhtháthú. Cuid thábhachtach den straitéis sin is ea an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP), atá á bailiú ar bhonn deonach i láthair na huairé sna mórshuirbhéanna a bhíonn á reáchtáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Foilsíodh tuarascáil staidrimh i Mí na Nollag 2007 ina raibh go leor faisnéise maidir le stair oibre daoine as tíortha eile, bunaithe ar anailís nua a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh ar shonraí UPSP ón Roinn Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh agus ar thuairisceáin P35 ó na Coimisinéirí loncaim. Léirigh an obair sin go soiléir an cumas a bhaineann le nasacadh sonraí agus leanfar go gníomhach de thionscadail den chineál céanna.

Rinneadh Suirbhé Náisiúnta Míchumais iardhaonáirimh den chéad uair i dtreo dheireadh 2006 agus foilseofar torthaí a nascfar le sonraí míchumais an Daonáirimh a fhoilsiú go luath i 2008.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Dul chun cinn intomhaiste maidir le cur i bhfeidhm comhordaithe ó thaobh cur i bhfeidhm na straitéisí sonraí*
- *Leanúint den chlár tuarascálacha téamúla a forbairt*
- *Tionscadail ábhartha a aithint agus a chur i bhfeidhm maidir le sonraí ó fhoinsí nua a nascadh le chéile*
- *Torthaí a bhaineann leis an Suirbhé Náisiúnta um Míchumas a fhoilsiú sa chéad leath de 2008.*

4.3 Staitisticí Gnó

Clúdaíonn staitisticí gnó réimse leathan staitisticí, idir thalmhaíocht, dhéantúsaíocht, thógáil, sheirbhísí, iompar, thurasóireacht, dhéimeagrafaíocht fiontar agus staitisticí praghsanna. Tá forbairtí suntasacha ar siúl sna réimsí sin ar fad, leis an éileamh ar staitisticí gnó ag eascair as riachtanais AE agus náisiúnta i dteannta a chéile. Freagraíonn straitéis na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le staitisticí gnó idir éilimh reatha agus éilimh lena bhfuiltear ag súil.

Cruthaíonn Coimisiún an AE agus Banc Ceannais na hEorpa (BCE) éileamh nach beag maidir le staitisticí gnó. Tá rialacháin nua AE tar éis teacht i bhfeidhm i 2006 maidir le Staitisticí Gearrthéarmacha, Gníomhaíocht Gheilleagrach a aicmiú (NACE Leagan 2) agus Staititicí Trádála Idirghnóthais Choigríche. Rachaidh glacadh le haicmiú NACE Leagan 2 i gcion go mór ar chláir oibre staitisticí tionsclaíochta, seirbhísí, tógála agus mórdhíola le linn ré saoil na straitéise seo.

Déanfar rialacháin maidir le Staitisticí Struchtúrtha Gnó, le Cláir Ghnó agus le Folúntais Oibre a achtú go luath amach anseo. Tá achtanna dlíthiúla breise á n-ullmhú maidir le Turasóireacht, le Cilméadair Feithiclí Bóthair agus le Gluaiseacht Paisinéirí. Freagraíonn na riachtanais staidrimh sin don dóibh a bhfuil ag méadú ar thábhacht na seirbhísí agus an domhandaithe do gheilleagar na hEorpa.

In Éirinn féin, tá an t-éileamh ag an earnáil phoiblí ar shonraí gnó ag fás, chomh maith, mar bhonn eolais le polasaí, agus, ina theannta sin, an t-éileamh ó ghníomhaireachtaí taighde, ón earnáil oideachais agus ó lucht gnó. Tá úsáideoirí tar éis a chur in iúl go sonrach go bhfuil gá le tuilleadh sonraí maidir leis na

hearnála tógál, iompair, turasóireachta agus seirbhísí, mar aon le sonraí níos fearr maidir le gnónna beaga, le táscairí inbhuanaithe, le tuilleamh, le fostáiocht, le gníomhaíocht trasteorann, le forbairt tuaithe agus le sonraí réigiúnda.

In Aibreán 2007, thuairiscigh an Fóram um Rialú Gnó go bhfeictear go gcuireann rialú, bailiú staitisticí san áireamh, ualach suntasach ar ghnónna beaga in Éirinn. Tá sprioc aontaithe ag an AE anois¹ an t-ualach riarracháin a laghdú de 25% faoi 2012.

Beidh sé ina dhúshlán nach beag don Phríomh-Oifig Staidrimh na héilimh nua staidrimh sin a réiteach lena riachtanaí is atá sé an t-ualach a dhéanamh chomh beag is is féidir. I bhfómhar na bliana 2007, chuir an Príomh-Oifig Staidrimh túis le clár nua maidir comhtháthú staitisticí gnó, agus struchtúr nua bainistíochta mar thaca leis sin. Cumadh é sin chun sonraí ó shuirbhéanna gnó a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, chun úsáid níos leithne a bhaint as sonraí riarracháin agus chun réimsí tacaíochta a thabhairt isteach i dtionscadail nuála mar chabhair chun ár spriocanna ardleibhéal a bhaint amach, ó thaobh aschuir staitisticiúil agus ualach freagartha de. Beidh sé mar chúram tábhachtach gearradh siar ar an dúbláil idir suirbhéanna gnó agus gearradh siar ar fhaid agus ar chastacht ceistneoirí. Rud eile atá á scrúdú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh, an cumas chun foinsí sonraí riarracháin a úsáid mar chomhlánú ar na sonraí a bhailítear i suirbhéanna gnó. Tá scrúdú ar siúl faoi láthair maidir le conas freagairt ceistneoirí a dhéanamh níos fusa trí mheán modúil tuairiscithe staidrimh a chur isteach i dtáirgí bogearraí cuntasáiochta (mar atá á mholadh maidir le suirbhé STUFCS).

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag feidhmiú go gníomhach chun bonneagar comhordaithe staitisticiúil a chur chun cinn, ag teacht le straitéis staidrimh an BNS. Leagtar méar i dtuarascáil *Riachtanais Pholasáí maidir le Sonraí Staidrimh Fiontar* ar ghlacadh le haitheantóir uathúil gnó thar ghníomhaireachtaí na hearnála poiblí mar ghné thábhachtach de bhonneagar comhordaithe staidrimh. D'fhéadfadh sé sin an t-éileamh sonraí ar lucht gnó a mhaolú agus anailís staidrimh níos fearr de shealúchas sonraí reatha a cheadú. Braitheann cur i gcrích an chuspóra sin ar rannpháirtíocht ag Ranna eile Rialtais agus ag Gníomhaireachtaí eile.

¹ COM(2007)23: Clár Gnímh chun ualaigh riarracháin san Aontas Eorpach a laghdú.

Tá clár cuimsitheach beacht gnónna ag croílár na forbartha a bhaineann leis na staitisticí gnó ar fad. Le blianta beaga anuas, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis feabhas a chur ar chlúdach agus ar cháilíocht a Clár Lárnach Gnó, ag baint leas níos mó as sonraí ó na gCoimisinéirí Ioncaim agus ag reáchtáil suirbhéanna tráthrialta maidir le gnónna nua. Soláthraíonn na leasuithe sin bonn níos fearr i gcomhair suirbhéanna maidir le gnónna agus maidir le comhordú níos fearr idir suirbhéanna. Ina theannta sin, cabhraíonn siad leis an bPríomh-Oifig Staidrimh staitisticí bliantúla níos mionsonraithe a fhoilsiú maidir le déimeagrafaíocht an ghnó, ar a n-áirítear táblaí breise sa tuarascáil théamúil maidir le *Gnó Beag in Éirinn*. Éileoidh Rialachán nua AE go gclúdóidh an clár gach earnáil (talmhaíocht san áireamh) agus éileoidh sonraí nua maidir le grúpaí fiontar.

Táthar anois ag scrúdú úsáid a bhaint as foinsí sonraí riarracháin mar chomhlánú ar shuirbhéanna staitisticiúla nó le cur ina n-áit, thar roinnt réimsí staidrimh. Idir seo agus 2010, tabharfar isteach sraith nua, a bainfidh úsáid as sonraí reatha mar an phríomhfhoinse sonraí, mar shampla, sonraí bealaí aerfort-aerfort, trácht lasta calafort agus innéacsanna um praghsanna tithe.

Tá bailchríoch á cur faoi láthair ar Rialachán AE a éilíonn Áireamh Talmhaíochta. Déanfar cumas staidrimh na gclár RTIB a mheas roimh an daonáireamh seo agus déanfar córas reatha na suirbhéanna feirme a athchóiriú chun an leas is mó is féidir a bhaint as a mbíonn de chláir riarracháin ar fáil. Scrúdófar, chomh maith, conas is féidir táscairí forbartha tuaithe agus inbhuanaithe tuaithe a chruthú as foinsí reatha suirbhéanna agus riarracháin.

Ina theannta sin, cuirfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh túis le Baraiméadar um Ualach Freagartha a thiomsú agus a scaipeadh, chun an t-ualach a chuireann an Phríomh-Oifig Staidrimh ar lucht gnó a thomhas. Cuirfidh an baraiméadar sin ar a cumas don Phríomh-Oifig Staidrimh measúnú a dhéanamh ar cé chomh mór is a d'éirigh linn an t-ualach ar lucht gnó a mhaolú.

Priomhtháscairí Feidhmíochta

- *Baraiméadar um Ualach Freagartha a chruthú, a fhoilseofar ar shuíomh idirlín na Priomh-Oifice Staidrimh, ina léireofar méid an ualaigh a chuireann suirbhéanna na Priomh-Oifice Staidrimh ar lucht gnó.*
- *Innéacsanna treoiruimhreacha nua a thiomsú i dtaobh praghsanna, ar a n-áireofar innéacsanna maidir le praghsanna ceannaithe tithe nua, le costais tógála tithe agus innéacsanna maidir le praghsanna táirgeoirí do sheirbhísí gnó.*

- Aicmiú gníomhaíochta geilleagraí NACE Leagan 2 a leathadh thar na suirbhéanna ábhartha gnó ar fad do bhlian thagartha 2008 agus do shonraí iarchaite a dhóthain i gcomhair anailise am-sraithe.
- Staitisticí déimeagrafacha fiontar a scaipeadh le linn 2008 agus staitisticí maidir le rannpháirtíocht i dtionscadal Clár EorGhrúpaí ó 2008 ar aghaidh.
- Suirbhéanna bliantúla gnónna tógála agus déantúsaíochta a leathnú chun gach aicme fiontar gnó a chuimsiú, síos go dtí trádálaithe aonair agus iad siúd san áireamh.
- Sraitheamma gearrthréimhseach a nua a thabhairt isteach, nó sraitheanna reatha a fheabhsú, mar shampla, Táirgeadh Tógála, Innéacs Láimhdeachais Seirbhísí, Sócmhainní Caipitil Seirbhísí, Stoic Seirbhísí, Turasóireacht isteach agus Taisteal Thar Lear.
- An t-ualach ar lucht gnó (feirmeoirí san áireamh) a mhaolú tré mheán úsáid níos mó a bhaint as sonraí riarthá, as Foirmeanna do Ghnóthais Bheaga, samplú níos éifeachtaí, athúsáid sonraí arna mbailiú áit eile sa Phríomh-Oifig Staidrimh nó trí réitigh eile teicneolaíochtaí.
- Tuarascálacha a thiomsú a bheidh níos éasca don úsáideoir, mar sampla, olluarascáil nua maidir le staitisticí iompair agus tuarascálacha eile maidir le Turasóireacht amach as Éirinn agus maidir le Miondíol in Éirinn.
- Táscairí forbhartha tuaithe agus inbhuanaithe tuaithe a fhorbairt, bunaithe ar shonraí reatha sa Phríomh-Oifig Staidrimh agus ar shonraí riarracháin san earnáil phoiblí i gcoitinne.
- Áireamh Talmhaíochta a reáchtáil i 2010 agus na suirbhéanna bliantúla i Meitheamh agus i Mí na Nollag a athmhúnúl chun an leas staitisticiúil is mó is féidir a bhaint as sonraí sna cláir RTIB.

4.4 Monatóir Tráthúlachta

4.4.1 Tuarascálacha Gineraálacha agus Tuarascálacha Téamúla

Foileachán	Minicíocht	Eagrán	Tráthúlacht Reatha		Targaid do 2010			
			Foilsithe faoi cheann	Caighdeán Idirnáisiúnta				
<i>Mí a foilsithe</i>								
<i>Tréimhseacháin</i>								
Blian-Iris Staidrimh Bliantúil Éire Thuaidh agus Theas	Bliain Anois is arís	2007 g/t	D. F. 2007 g/t	g/t g/t	Samh g/t			
<i>Tuarascálacha Téamúla</i>								
Staitisticí maidir le Sochaí na Faisnéise	Bliain	2007	Már 2008	g/t	Noll			
Gnó Beag in Éirinn	Bliain	2007	Beal 2007	g/t	Már			
An Fhoirgníocht agus Tithíocht in Éirinn	Débhliantúil	2006	lúil 2006	g/t	lúil			
Staitisticí lompair	Bliain	2006	Nollaig 2007	g/t	Nollaig 2008			
Gnó Teaghlaigh	Anois is arís	2005	Feabh 2008	g/t	g/t			
Forás na hÉireann faoi Mheas Mná agus Fir in Éirinn	Bliain	2007	Beal 2008	g/t	Aibr			
Comhionnanas in Éirinn	Bliain	2007	Noll 2007	g/t	Noll			
Ag dul san Aois in Éirinn	Gach cúigiú bliain	2007	Samh 2007	g/t	g/t			
Caighdeán Beatha sna Réigiúin	Gach cúigiú bliain	2008	Lún 2007	g/t	g/t			
An Suirbhé Náisiúnta um Míchumas	Gach cúigiú bliain	2008	Mheith 2008	g/t	g/t			
Meastacháin	Anois is arís	2006	Mheith 2008	g/t	g/t			
Mionsonraithe	Anois is arís	2006	Mollaig 2008	g/t	g/t			

4.4.2 Staitisticí Eacnamaíochta

Foileachán	Minicíocht	Eagrán	Tráthúlacht Reatha			Targaid do 2010			
			Foilsithe faoi cheann	Caighdeán Idirnáisiúnta					
<i>Laethanta, mura sonraítear a mhalaírt</i>									
Staitisticí Eacnamaíochta									
Comhardú na nÍocaíochtaí	Ráithe	R4 2007	84	90	90	90			
Staid Infheistíochta Idirnáisiúnta	Bliain	2006	43 scht	39 scht	39 scht	39 scht			
Fiachas Seachtrach	Ráithe	R4 2007	90	90	90	90			
Sealúchais Urrús Punainne lasachta ag Cónaitheoirí	Bliain	31 Noll 2006	43 scht	39 scht	39 scht	39 scht			
Infheistíocht Dhíreach lasachta ¹	Bliain	2006	56 scht	91 scht	52 scht				
Easpórtálacha agus lompórtálacha Seirbhíse	Bliain	2006	52 scht	39 scht	39 scht				
Cuntais Náisiúnta Bhliantúla									
Torthaí Achomaire	Bliain	2006	27 scht	g/t	26 scht				
Foilsíú	Bliain	2006	34 scht	39 scht	34 scht				
Cuntais Náisiúnta Ráithiúla ²	Ráithe	R4 2007	80	70	70				
Cuntais Earnála Institiúidí									
Airgeadas	Bliain	2006	48 scht	39 scht	26 scht				
Seachas Airgeadas	Bliain	2006	43 scht	39 scht	39 scht				
Ioncam de réir Contaetha & OI de Réigiún	Bliain	2005	112 scht	104 scht	104 scht				
Táblaí um Sholáthar agus Úsáid	Bliain	2001 & 2002	238 scht	156 scht	156 scht				
Trádáil Sheachtrach									
Eisiúint mhionsonraithe	Mí	Noll 2007	80	70	80				
Staitisticí Comhshaoil									
Cuntais Chomhshaoil (Astuithe go hAer)	Bliain	2005	73 scht	g/t	65 scht				

¹ Is é spriocdháta *Eurostat* do stoic Infheistíochta Dírí lasachta (i.e. clár comhardaithe) ná 21 mhí (91 scht) tar éis na sonraí tagartha; is é a spriocdháta i gcomhair sonraí na n-idirbheart comhfreagrach ná 3 mhí tar éis na bliana tagartha.

² Tá maolú ag Éirinn go dtí 90 lá do Chuntais Náisiúnta Ráithiúla.

4.4.3 Staitisticí Déimeagrafacha agus Sóisialta

Foileachán	Minicíocht	Eagrán	Tráthúlacht Reatha			Targaid do 2010			
			Foilsithe faoi cheann	Caighdeán Idirnáisiúnta					
<i>Laethanta, mura sonraítear a mhalaírt</i>									
Margadh Saothair									
Clár Beo									
Anailís	Mí	Aib 2008	11	7	7				
Aois de réir Tréimhse	Leathbhliain	D. F. 2007	42	g/t	28				
Diospóidí Tionscail	Ráithe	R4 2007	56	91	56				
SNTR	Ráithe	R4 2007	70	90	70				
EU-SILC	Bliain	2006	47 scht	40 scht	47 scht				
Suirbhé Buiséid Teaghlaigh (SBT)	Gach cúigiú	2004/05	78 scht	g/t	g/t				
	Bliain								
Staitisticí Beatha									
Eisiúin		R2 2007	28 scht	g/t	17 scht				
Achoimre Bliantúil (Sonraí Clárúcháin)	Ráithe	2006	26 scht	52 scht	17 scht				
Foilsíú ¹	Bliain	2004	104 scht	78 scht	95 scht				
Ainmneacha Bhabaithe na hEireann	Bliain	2006	26 scht	g/t	17 scht				
Póstaí	Bliain	2005	78 scht	g/t	28 scht				
Tuilleamh & Costais Fhostaíochta									
Earnáil Phoiblí		R3 2007	19 scht	g/t	-				
Fostaíocht	Ráithe	R3 2007	19 scht	g/t	-				
Tuilleamh	Ráithe	R2 2007	98	g/t	-				
Tuilleamh: Dáileachán & Seirbhísí	Ráithe	2006	164 scht	78 scht	52 scht				
Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta	Bliain								
Tuilleamh & Costais Saothair		R3 2007	180	90	90				
Meastacháin	Ráithe	R2 2007	39 scht	26 scht	26 scht				
Deiridh	Ráithe								
Coireacht agus Ceartas Coiriúil									
Aireamh Coireanna	Ráithe	R1 2008	28	g/t	28				
Staitisticí Coireachta de réir thaifid an Gharda Síochána	Bliain	2006	69 scht	g/t	52 scht				

¹ Binn an tráthchlár don Foileachán Staitisticí Beatha ag brath ar na teorainneacha ama ceadaithe chun imeachtaí beatha a chlárú.

4.4.4 Staitisticí Gnó

Foileachán	Minicíocht	Eagrán	Tráthúlacht Reatha			Targaid do 2010			
			Foilsithe faoi cheann	Caighdeán Idirnáisiúnta					
<i>Laethanta, mura sonraítear a mhalaírt</i>									
Tionscal									
Táirgeacht & Láimhdeachas	Mí	Feabh 2008	41	45	41				
Stoic Thionsclaiochta	Ráithe	R3 2007	17 scht	g/t	15 scht				
Sócmhainní Caipítí Tionsclaíochta	Ráithe	R3 2007	17 scht	g/t	15 scht				
Luathmheastachán ATT	Bliain	2006	52 scht	43 scht	43 scht				
Foilisiú ATT	Bliain	2005	99 scht	78 scht	73 scht				
Prodcom	Bliain	2006	52 scht	26 scht	26 scht				
Tógáil									
Fostaíocht	Mí	Ean 2008	42	60	42				
Tuilleamh	Ráithe	R4 2007	77	90	84				
Ceadanna Pleanála	Ráithe	R4 2007	90	90	90				
Daonáireamh	Bliain	2005	82 scht	78 scht	78 scht				
Treoiruimhir Táirgiúlachta, Forgnóchta agus Tógála									
Meastacháin Tosaigh	Ráithe	R3 2007	22 scht	60	60				
Deiridh	Ráithe	R2 2007	35 scht	17 scht	17 scht				
Seirbhísí									
Treoiruimhir Díolacháin Mhiondíola									
Sealadach	Mí	Ean 2008	49	g/t	40				
Deiridh	Mí	Noll 2007	77	90	71				
Fiosrúchán Bliantúil faoi Sheirbhísí	Bliain	2005	95 scht	78 scht	78 scht				
Taistéal Thar Sáile	Mí	Ean 2008	49	g/t	49				
Turásóireacht & Taistéal	Ráithe	R3 2007	77	90	70				
Turásóireacht & Taistéal	Bliain	2006	84	182	84				
Suirbhé ar Thaistéal Teaghlaigh	Ráithe	R3 2007	98	g/t	84				
Fiosrúchán faoi Lasta Bóthair	Bliain	2006	39 scht	21 scht	32 scht				
Staitisticí faoi Thrácht Calafort	Bliain	2006	26 scht	34 scht	26 scht				
Ceadúnú Feithiclí									
Deiridh	Mí	Feabh 2008	31	g/t	31				
Bliantúil	Bliain	2007	49	g/t	35				
Praghasanna									
TPT	Mí	Már 2008	8 - 16	17-19	8-16				
TPT – Anailís ar Mheánphraghas	Leathbhliain	Samh 2007	15	g/t	30				
TPM	Mí	Már 2008	20	45	25				

4.4.5 Daonáireamh

Foileachán	Minicíocht	Eagrán	Tráthúlacht Reatha		
			Foilsithe faoi cheann	Caighdeán Idirnáisiúnta	Targaid do 2010
<i>Laethanta, mura sonraítear a mhalaírt</i>					
Meastachán Daonra/Imirce (Aibreán)	Bliain	2007	33 scht	g/t	70

4.4.6 Staitisticí Talmhaíochta

Foileachán	Minicíocht	Eagrán	Tráthúlacht Reatha				
			Foilsithe faoi cheann	Caighdeán Idirnáisiúnta	Targaid do 2010		
<i>Laethanta, mura sonraítear a mhalaírt</i>							
Talmhaíocht							
Praghásanna							
Ionchuir/Aschuir	Mí	Feabh 2008	56	49	49		
Meastachán Tosaigh	Bliain	2007	-61	g/t	-61		
Iascach	Bliain	2004	117 scht	g/t	80 scht		
Díolachán Talún	Ráithe	R1 2005	21 scht	g/t	21 scht		
Aschur, Ionchur, Ioncam							
Meastachán Roimh Ré	Bliain	2007	-24	-28	-21		
Meastachán Tosaigh	Bliain	2007	39	28	35		
Meastachán Deiridh	Bliain	2006	26 scht	39 scht	26 scht		
Cuntais Réigiúnacha	Bliain	2006	48 scht	g/t	45 scht		
Suirbhé an Mheithimh ar Bharra							
agus ar Bheostoic	Bliantúil	2007	21 scht	15 scht	15 scht		
Sealadach	Bliantúil	2006	56 scht	20 scht	20 scht		
Deiridh	Bliantúil	2001 - 2002	48 scht	34 scht	48 scht		
Saothar	Bliain	2006	29 scht	39 scht	29 scht		
Barra a Táirgeadh	Bliantúil	Noll 2007	24 scht	24 scht	24 scht		
Suirbhé na Nollag	Débhliantúil	2003 & 2005	106 scht	g/t	65 scht		
Lón an Tréada	Bliantúil	2007	60	105	56		
Suirbhé an Mheithimh ar Mhuca	Mí	Már 2008	30	45	31		
Staitisticí Bainne	Trébhliantúil	M. F. 2001	31 scht	g/t	30 scht		
Suirbhé ar Thuilleamh	Mí	Már 2008	30	60	30		
Maruithe							
Iarmhéideanna Soláthair	Bliantúil	2002	29 scht	g/t	29 scht		
Feoil	Bliantúil	2005	37 scht	g/t	30 scht		
Bainne	Bliantúil	2006 - 2007	43 scht	g/t	43 scht		
Gránaigh							

Bíonn ár n-aschuir staidrimh ag brath ar réimse leathan seirbhísí tacaíochta a bheith ar fáil, idir sheirbhísí teicniúla agus sheirbhísí riarracháin. Déantar na seirbhísí sin a eagrú de réir an dá réimse leathana seo a leanas: Tacaíocht Staidrimh agus Nuáil; agus TF agus Seirbhísí Corparáideacha.

5.1 Tacaíocht Staidrimh agus Nuáil

Gné thábhachtach maidir le cur i bhfeidhm na straitéise seo is ea gréasán láidir tacaíochta staitisticiúil. Chun an tacaíocht sin a sholáthar, chuir an Phríomh-Oifig Staidrimh stiúrthóireacht nua um Thacaíocht Staidrimh agus Nuáil ar bun i 2007. Áirítear i measc na bpriomhghhnéithe den bhoneagar staitisticiúil:

- An cleachtas is fearr maidir le modheolaíocht staitisticiúil a aithint agus a chur i bhfeidhm;
- Forbairt ar Chóras Staidrimh na hÉireann;
- Dearbhú agus iniúchadh cálíochta;
- Clár de na ngnónna ar fad sa Stáit a fhorbairt agus a chothabháil
- Gabháil leictreonach sonraí agus scaipeadh staitisticí; agus
- Córás aicmí staitisticiúla a bhainistiú agus a úsáid.

Tá cur síos sna trí ranna seo a leanas ar ollphlan oibre don stiúrthóireacht nua sin don tréimhse trí bliana atá romhain.

5.1.1 Córás Staidrimh na hÉireann

I straitéis 2004-2006 na Príomh-Oifige Staidrimh, thug an Oifig tosaíocht do chur chuige lánchórais a forbairt maidir le táirgeadh agus le húsáid staitisticí oifigiúla, mar a leagtar síos sa *Straitéis don Staidreamh 2003-2008* a chuir an Bord Náisiúnta Staidrimh amach. Tá cuid mhaith de na bloic thógála do bhonneagar comhordaithe staitisticí curtha in áit cheana féin, agus leanfar den obair chun an bonneagar sin a forbairt le linn na straitéise seo.

Tá ceangal curtha ag an Rialtas ar Ranna straitéisí sonraí/staitisticí a forbairt ar aon bhonn lena ráitis straitéise Roinne. Tosaíocht thábhachtach don Phríomh-Oifig Staidrimh is ea é tacaíocht a sholáthar do chomhlachtaí poiblí, ó thaobh cúrsaí staitisticiúla de. Tá pearsanra de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh ag obair taobh istigh de Ranna Rialtais i láthair na huaire, agus leanfaimid den ghréasán staidrimh sin a forbairt. Áit a mbaineann le hábhar, cuirfimid tionscadail i bhfeidhm i gcomhar le comhlachtaí stáit (móran ar aon dul leis an dóigh ar eagraigh an Phríomh-Oifig Staidrimh an Suirbhé um Nuáil Pobail i gcomhar le Forfás i 2006).

Tá ár gcláir staidrimh ag teacht leis na spriocann ardleibhéal atá againn maidir le scóp, le cáilíocht agus le tráthúlacht ár gcuid staitisticí a fheabhsú; maidir le maolú a dhéanamh ar an ualach a leagtar ar fhreagróirí suirbhéanna; agus maidir le níos mó úsáide a bhaint as sonraí riarracháin. Bíonn na spriocanna sin ag comhlánú a chéile, rud a chruthaíonn dúshláin go leor. Tá úsáid á baint cheana féin as sonraí riarracháin chun roinnt mhaith aschur staitisticiúla a tháirgeadh, ag teacht le prótacal na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le comhtháthú sonraí. Feabhsaítéar go mór an anailís staitisticiúil ar fhoinsí sonraí riarracháin nuair a bhíonn aicmí caighdeánaithe (i.e. geografacha, earnála, srl.) mar aon le haitheantóirí. Tá úsáid na hUPSP i stórais sonraí riarracháin agus in anailísí staitisticiúla ina nós seánbhunaitheanois. Is laige sa bhonneagar riarracháin agus staitisticiúil, áfach, gan aitheantóir uathúil gnó a bheith ann, thar na gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí. Ag teacht le moltaí an BNS ar an bpointe sin, beidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ag moladh aitheantóir uathúil gnó a forbairt agus a chur i bhfeidhm. Má bhíonn glacadh leis sin, éascóidh úsáid aitheantóra uathúil ghnó réimse anailísí staitisticiúla níos leithne agus, san am céanna, cabhróidh go mór leis an ualach ar lucht gnó a mhaolú.

¹ Leagtar síos ár rialacha agus ár nós imeachta maidir le nascadh agus le comhtháthú i bPrótacal Sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh (www.cso.ie/aboutus/documents/cso_data_protocol.doc) Tá an prótacal sin arna fhormheas ag an gCoimisinéir um Chosaint Sonrai.

² Féach clár oibriú Staitisticí Gnó in Alt 4.3 den straitéis seo.

Samhlaítear sa straitéis seo foilsíú réimse níos leithne tuarascálacha agus anailísí staitisticiúla ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Ina measc beidh tuarascálacha téamúla, a bheidh in gcabhair chun polasaí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise. I measc na samplaí eile beidh tuarascálacha maidir le Gnónna Beaga, le Sochaí an Eolais, le Teileacumarsáid, le Foirgníocht agus le Tithíocht. Úsáidfidh na tuarascálacha téamúla sin foinsí sonraí staitisticiúla agus riarracháin.

Ar an dóigh chéanna, tá fúinn sonraí ó réimse foinsí níos leithne a chur ar fáil ar líne. Chuige sin, tá geata nua idirlín dár teideal StatCentral á fhorbairt ag an Príomh-Oifig Staidrimh. Áis í sin ina gcuirfear faisnéis faoi agus naisc le staitisticí oifigiúla na hÉireann, ag tabhairt le chéile réimse staitisticí arna dtáirgeadh ag an earnáil phoiblí.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Sonraí carnaithe staitisticiúla a fhoilsíú, bunaithe ar shonraí a thagann le chéile;*
- *Tacú le gach Roinn Rialtais a Straitéisí um Shonraí Staidrimh a chur i bhfeidhm;*
- *Geata idirlín StatCentral do staitisticí oifigiúla a sheoladh i mí Feabhra 2008;*
- *StatCentral a leathnú chun réimsí uile staitisticí oifigiúla na hÉireann a chlúdach roimh dheireadh 2009*
- *Forbairt aitheantóra uathúil gnó agus clár gnó lánhórais a chur chun cinn, d'fhonn a chur i bhfeidhm. Beifear ag brath ar chomhoibriú ó na Ranna/Gníomhaireachtaí a mbíonn sonraí gnó ina seilbh acu chun an Príomhtháscaire Feidhmíochta seo a chur i bhfeidhm;*
- *Eisiúintí téamúla de réir topaicí éagsúla a tháirgeadh as sealúchais sonraí riarracháin.*

5.1.2 An t-ualach freagartha a bhainistiú

Mar a thugtar le fios in ailt 4.3 agus 5.1.1, creideann an Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil glacadh le haitheantóir uathúil gnó ina riachtanas tábhachtach do bhonneagar staidrimh amach anseo, rud a bheadh in ann maolú eagraithe a dhéanamh ar an ualach a leagtar ar lucht gnó. Ceist í seo a bhaineann leis an gcóras ina ionláine.

Laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh, déanfaimid na straitéisí agus na modheolaíochtaí a theastaíonn mar éascaíocht chun úsáid níos fearr a bhaint as sonraí i suirbhéanna gnó na Príomh-Oifige Staidrimh (mar shampla, trí mheán sonraí as suirbhéanna bliantúla agus níos lú a nascadh le chéile). Tá tiomantas inár gclár oibre um Staitisticí Gnó maidir le Baraiméadar um Ualach Freagartha a

thiomsú agus a fhoilsiú. Ina theannta sin, úsáidfimid an Clár Lárnach Gnó chun an t-ualach a leagtar ar ghnónna ar leith a bhainistiú agus ár straitéisí a dhíriú ar an dream is mó a bhíonn sa treis.

Tá cumas nach beag ann sonraí i seilbh comhlachtaí poiblí eile a úsáid chun críocha staidrimh. Le linn na straitéise seo, scrúdóimid na sealúchais sonraí sin agus, i gcás gur cuí, straitéisí a chur i bhfeidhm chun sonraí riarcháin a úsáid d'fhon riachtanais sonraí staidrimh a shásamh.

Tá ról le himirt ag ár dtionscnaimh r-Rialtais maidir leis an ualach freagartha a dhéanamh chomh beag agus is féidir agus beimid ag díriú ar áiseanna a fhorbairt a bheidh éasca ó thaobh an úsáideora de chun sonraí a chur ar fáil don Phríomh-Oifig Staidrimh i bhformáid leictreonach.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Leas a bhaint as na sealúchais sonraí atá ann, idir shonraí riarcháin agus shonraí staitisticiúla, chun riachtanais staidrimh a shásamh;*
- *Úsáid a bhaint as staitisticí struchtúrtha gnó chun riachtanais staidrimh do thréimhsí níos lú ná bliain a shásamh;*
- *Tionscnaimh r-Rialtais a chur i bhfeidhm chun áis éasca don úsáideoir a sholáthar do lucht gnó maidir le sonraí staidrimh a sholáthar.*

5.1.3 Clár Gnó na Príomh-Oifige Staidrimh a fhorbairt

Tá Clár Lárnach Gnó na Príomh-Oifige Staidrimh ag croílár ár gcórais chun staitisticí gnó a bhailíú. Tá feabhas leanúnach á chur againn ar chlúdach agus ar chálíocht sonraí sa chlár trí úsáid níos mó a bhaint as sonraí ó na Coimisinéirí Ioncaim agus suirbhéanna tráthrialta gníomhaíochta gnó a reáchtáil. Próiseas leanúnach is ea é sin, agus leanfaimid orainn ag aimsiú foinsí ábhartha sonraí agus modhanna chun ábharthacht agus cruinneas an chláir a nuashonrú agus a chothabháil.

Tá dhá fhorbairt mhóra AE a imreoidh tionchar ar an gclár gnó le linn ré saoil na straitéise seo, mar atá, an rialachán nua maidir le cláir staidrimh ghnó agus cur i bhfeidhm aicmiúchán NACE Leagan 2 maidir le gníomhaíochtaí geilleagracha.

Éilíonn an rialachán um chlár gnó go gclúdófaí ina n-iomláine na hearnálacha geilleagracha ar fad (talmhaíocht san áireamh), agus go gclúdófaí grúpaí fiontar, chomh maith. Éilíonn rialachán NACE Leagan 2 go n-úsáidí an córas aicmniúcháin nua i gclár ghnó ó Eanáir 2008 amach. Stórálfar an córas reatha aicmiúcháin (NACE Leagan 1.1) agus an ceann nua (NACE Leagan 2) sa chlár go

dtí 2011. Éascóidh sé sin an t-aistriú réimsí suirbhéanna gnó ón seanchóras NACE go dtí an ceann nua. Ina theannta sin, éileoidh an rialachán um Staidreamh Struchtúrtha Gnó atá ar tí teacht amach go gcuirfí staitisticí bliantúla maidir le déimeagrafaíocht an ghnó ar aghaidh chuíg Eurostat.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Feabhas leanúnach ar chálíocht na faisnéise arna stórail sa chlár;*
- *Leathnú ar scóp/chlúdach Chlár Lárnach Gnó na Príomh-Oifige Staidrimh chun riachtanais AE agus riachtanais náisiúnta a shásamh;*
- *Staitisticí maidir le déimeagrafaíocht an ghnó a scaipeadh le linn 2008.*

5.1.4 Scaipeadh sonraí

In éineacht le forbairt StatCentral, beidh scata tionscadal eile ann chun feabhas a chur ar an dóigh ina scaipeann an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí oifigiúla.

Is é ár suíomh idirlín (www.cso.ie) an príomhphointe teagmhála don phobal chun ár staitisticí a rochtainanois. Sa chomhthéacs sin, cúlóidh an Phríomh-Oifig Staidrimh de réir a chéile ó fhoilsiú eisiúintí staidrimh ar pháipéar agus bogfaidh an bhéim go dtína scaipeadh tríd an idirlón. Fanfaidh comhpháirteanna bunúsacha ár n-eisiúintí reatha (tuairisceoiréacht, táblaí, notaí cúlra) ina gcompháirteanna den dearadh nua i gcónaí. Ligfidh an t-athrú sin dúinn feabhas a chur ar chálíocht ár seirbhise dár gcuid úsáideoirí, trí áis a chur ar fáil dóibh trínar féidir leo na táblaí foilsithe a íosluchtu i bhformáid ina mbeidh siad in ann iad a úsáid i gcomhair a n-anailísé féin ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, soláthróimid anailís níos “feiceáil” dár sonraí sna heisiúintí leictreonacha, a chabhróidh le daoine patrúin agus treóchtaí a aithint ar bhealach níos eifeachtaí.

Fanfaidh rogha “prioritáil ar éileamh” ann do na húsáideoirí sin a mbíonn cruachóip dár n-eisiúintí staidrimh de dhíth orthu. Leanfaimid orainn ag prioritáil, i bhformáid cruachóipe, foilseacháin bhratloinge mar *An Bhlian-Iris Staidrimh* agus *Forás na hÉireann faoi Mheas*.

Forbairt thábhachtach atá cuíosach nua is ea an Bunachar Sonraí Díreach atá ar shuíomh idirlín na Príomh-Oifige Staidrimh. Cuirtear sonraí carnaithe i láthair ansin ar bhealach a ligean do na húsáideoirí táblaí saindeartha staidrimh a ghineadh ar dhóigh inar féidir leis an úsáideoir iad a úsáid go héasca agus iad a íosluchtu i bhformáid dá rogha féin (mar shampla, Excel, ASC, HTML). Beidh an Bunachar Sonraí Díreach sin ina phríomhghhné dár straitéis scaipthe amach anseo agus cuirfear na sonraí ar fad a scaipfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar fáil tríd an chainéal dáiliúcháin sin.

Tá na huirlísí agus an bonneagar TF a theastaíonn chun táblaí idirghníomhach staidrimh¹ a fhoilsíú ar líne á gcur ar fáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimhanois do Ranna Rialtais agus do Ghníomhaireachtaí Rialtais. Soláthraíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh an tseirbhís óstála sin mar chuid dár seirbhís dáiliúcháin faoinár mBunachar Sonraí Díreach agus leanfar dár dtacaíocht i gcomhair eagraíochta san earnáil phoiblí ar mian leo leas a bhaint as an áis sin. Mar thaca le comhtháthú agus le cur i gcomparáid sonraí ó fhoinsí éagsúla, leanfaimid orainn ag moladh go n-úsáidffí córais chaighdeánaithe aicmiúcháin agus modheolaíochtaí caighdeánaithe chun staitisticí carnaithe a bhainistiu agus a dháileadh.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Eisiúintí leictreonacha a thabhairt isteach ar bhealach céimnithe ó 2009 amach*
- *Staitisticí uile na Príomh-Oifige Staidrimh a dháileadh trínár mBunachar Sonraí Díreach;*
- *Forbairt leanúnacht agus leathnu na seirbhíse óstála sonraí i gcomhair eagraíochtaí earnála poiblí.*

5.1.5 Dearbhú Cáilíochta

Tá na feidhmeanna a bhaineann le Dearbhú Cáilíochta agus le hIníúchóireacht sa Phríomh-Oifig Staidrimh dírithe go príomha ar phróisis agus ar aschuir. Thuig an Phríomh-Oifig Staidrimh riamh anall an tábhacht thar cuimse a bhaineann lena chinntíú go mbíonn muinín ag an bpobal as staitisticí oifigiúla agus beimid ag tógáil ar ár socruthe traidisiúnta cáilíochta le linn ré saoil na straitéise seo. Beidh sé i measc na bpríomhthascanna don réimse sin na nósanna imeachta sin a fhoirmliú laistigh de fhrámaíocht cáilíochta, rud a chiallóidh go gcaithfear tuarascálacha caighdeánacha cáilíochta a fhorbairt i gcomhair ár bpróiseas agus ár n-aschur.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh ag tabhairt aghaidh ar riachtanais níos casta ná riamh agus súil le daoine le níos mó ná riamh uaithi maidir lena suirbhéanna féin agus lena tacaíocht don chóras staidrimh Éireannaigh i gcoitinne. Chun freastal ar na riachtanis sin, caithfimid cumas láidir modheolaíochta a chothabháil. Tacóidh sé sin lenár straitéis maidir le próisis staidrimh, le comhtháthú sonraí, le maolú an ualaigh fhreagartha agus beidh mar thaca le husáid sonraí chun críocha taighde. Ina theannta sin, beidh sé ina ghné thábhachtach maidir leis an gCód Eorpach um Chleachtas Staidrimh a chur i bhfeidhm.

¹ Tá trí heagraíocht earnála poiblí anois ann (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann) a bhfuil bunachar sonraí lánfheidhmeach ar líne acu, arna n-óstáil ag Phríomh-Oifig Staidrimh na hÉireann.

Leagtar amach sa Chód Eorpach um Chleachtas Staidrimh na prionsabail faonar cheart d'Institiúidí Náisiúnta Staidrimh laistigh den AE oibriú. Déanann an Cód Cleachtais Staidrimh comhlánú ar an Acht Staidrimh, 1993, faoina n-oibríonn an Phríomh-Oifig Staidrimh, agus clúdaíonn sé réimse leathan cúrsaí ar a n-áirítear neamhspleáchas gairmiúil, rúndacht staidrimh, cálíocht, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht.

Sna 2-3 bhliain seo romhainn, díreoidí ar n-aonadh modheolaíochta ar bhunú caighdeán oifige maidir le modheolaíocht staidrimh bunaithe ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr. Cuimsíonn cuid de na príomhcheisteanna a bhaineann leis sin roghnú samplaí, rud ar féidir leis cabhrú go mór leis an obair ó thaobh ualach freagartha a mhaolú, teicnící cailibrithe agus measúnú earráide.

In éineacht le forbairt agus le cur i bhfeidhm caighdeáin oifige, cuirfidh an t-aonad tionscadail staidrimh ar leith le réimsí gnó laistigh den Phríomh-Oifig Staidrimh. Déanfar ceardlanna a reáchtáil ar bonn leanúnach chun eolas agus oiliúint a chur ar fáil maidir le modhanna staidrimh. Cuirfear cabhair ar fáil, leis, maidir le táirgeadh na dtuarascálacha caighdeánacha cálíochta sin a mbeidh ceangal ar úinéirí suirbhéanna iad a tháirgeadh agus a nuashonrú.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Modheolaíochtaí do réimse próiseas staidrimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na hOifige;*
- *Ceardlanna staidrimh agus oiliúint i modhanna staidrimh a chur ar fáil don lucht foirne;*
- *Polasaí foirmeálta tuairiscithe cálíochta a chur i bhfeidhm;*
- *Athbhreithnithe tráthialta ar phróisis/aschuir réimsí uile na hOifige a reáchtáil.*

5.2 TF agus Seirbhísí Corparáide

Bíonn seachadadh seirbhís ardcháilíochta staidrimh ag brath ar na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil sa Phríomh-Oifig Staidrimh: foireann spreagtha ardoilte; córais TFC an lae inniu; agus córais láidir tacaíochta riarracháin. I gcomhthéacs Chóras Staidrimh na hÉireann i gcoitinne, tá dúshláin romhainn atá níos casta ná mar a bhí riamh roimhe seo agus ní mór dúinn a chinntí go mbeidh ár straitéisí AD agus TF in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. I ndeireadh na dála is é ár gcuspóir féachaint chuige go leanfaimid orainn ag soláthar seirbhís den scoth dár gcustaiméirí.

5.2.1 Acmhainní Daonna

Tuigimid a thábhachtaí is atá sé lucht foirne spreagtha ardoilte a chothabháil. Leanfaimid de chlár cuimsithe oiliúna a chur i bhfeidhm, mar thaca le réimse ionmlán na scileanna agus na gcumas a theastaíonn i seirbhís staidrimh den lá inniu. Cuimseoidh sé sin clár comhtháite um oiliúint staidrimh agus ár gcláir ionduchtaithe agus forbartha bainistíochta, chomh maith le hoiliúint fhairsing TF.

Is é an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta an áis lárnach bainistíochta agus forbartha daoine aonair dár lucht foirne; leanfaidh sé sin mar chomhpháirt thábhachtach dár bpróiseas pleánala corporáidí. Mar chuid riachtanach dár straitéis acmhainní daonna, táimid tiomanta i leith comhdheisce don fhoireann go léir. Tá dul chun cinn mór déanta ag an bPríomh-Oifig Staidrimh sa ghluaiseachta i dtreo córas ardaithe céime atá ionmlán iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas, agus tá sé beartaithe againn an próiseas sin a chur i gcrích le linn ré saoil na straitéise seo. Ina theannta sin, úsáidfimid earcú díreach chun bearnaí áirithe scile a líonadh.

Le linn ré saoil na straitéise seo, déanfaimid ár straitéisí agus ár bpolaistithe AD a nuashonrú, ag freagairt do riachtanais athraithe na Príomh-Oifige Staidrimh agus Chóras Staidrimh na hÉireann i gcoitinne. Ag teacht lenár sprioc ardleibhéal maidir le héifeachtaí níos fearr a bhaint amach trí úsáid na gleachtas is fearr agus trí chlár oibre nuachóirithe níos leithne i dTreo 2016, leanfaimid orainn den obair chun cleachtais leasaithe agus nuálaithe oibre a aithint agus a chur i bhfeidhm. Is ról tábhachtach atá ag ár gCoiste Comhpháirtíochta ina leith seo, agus tá sé beartaithe againn obair an choiste sin a leathnú maidir le leasuithe tábhachtacha straitéise agus obríochta.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Straitéis nuashonraithe AD mar thaca le riachtanais straitéiseacha na Príomh-Oifige Staidrimh agus Chóras Staidrimh na hÉireann faoi dheireadh 2008*
- *Polasaithe AD a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm de réir ár straitéis i gcoitinne*
- *Cláir oiliúna a sheachadadh cun na scileanna TF, staidrimh agus bainistíochta a theastaíonn ón bPríomh-Oifig Staidrimh a sholáthar*
- *Leanúint de leas a bhaint as CBFF mar thaca lárnach chun feidhmíocht agus forbairt phearsanta a bhainistiú*
- *An ghluaiseachta i dtreo córas ardaithe céime atá ionmlán iomaíoch agus bunaithe ar fhiúntas a chur i gcrích*

- *Riachtanais scileanna a aithint nach mór earcú díreach chun freastal orthu agus na comórtais ábhartha earcaíochta a chur i bhfeidhm*
- *Forálacha nuachóirithe i dTreo 2016 agus comhaontuithe ábhartha eile a chur i bhfeidhm*
- *Cleachtas oibre nua agus nuálacha a chur i bhfeidhm, ag teacht lenár spriocanna ardleibhéal agus lenár dtosaíochtaí corporáideacha*
- *An clár oibre comhpháirtíochta a fhairsingiú chun breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna tábhachtacha straitéiseacha agus oibriochtúla.*

5.2.2 Teicneolaíocht na Faisnéise

Tugann cur i bhfeidhm Chóras nua Bainistíochta Sonraí na (CBS) na Príomh-Oifige Staidrimh i gcrích mórtionscadal chun ár gcórais phróiseála sonraí inmheánacha a uasghrádú. Córás comhtháite próiseála suirbhéanna is ea an CBS, ina dtugtar le chéile bunachar sonraí lárnach staidrimh agus réitigh bunaithe ar roghchláir do gach céim den phróiseas táirgthe staidrimh. Tá sé mar ghné thábhachtach den CBS córais caighdeánaithe aicmiúcháin agus modhanna caighdeánaithe a úsáid. Tá athchóiriú á dhéanamh againn ar ár gcórais dáiliúcháin, le CBS in úsáid chuige sin, le béim níos mó ar fhoilsiú leictreonach, seachas ar fhoilsiú clóbhualte.

Tá an teicneolaíocht eolais ag croílár ár gcuid oibre chun ár gcuspóirí corporáideacha a bhaint amach – go háirithe maidir le bailiú sonraí, próiseáil staidrimh, comhtháthú sonraí agus ualach freagartha a mhaolú. Mar thaca leis na cuspóirí sin, tá uasghrádú á dhéanamh againn ar na bogearraí anailíse staidrimh a bhíonn in úsáid sa Phríomh-Oifig Staidrimh, chun cumas faisnéise gnó a thabhairt isteach.

Tá próisis rialaithe bunaithe ar ITIL á dtabhairt isteach againn, mar thaca le seirbhísí TF den scoth. D'fhonn a chinntíú go mbíonn ár seirbhísí TF i gcónaí ag freagairt do riachtanais fhadtréimhseachá ghnó agus chustaiméirí na Príomh-Oifige Staidrimh, tá straitéis nua TF á forbairt againn, mar aon le pleán um chur i bhfeidhm sna cúig bliain seo chugainn, mar atá, ó 2008 go 2012.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- An Córas nua Bainistíochta Sonrai (CBS) a chur i bhfeidhm mar phríomhchóras Príomh-Oifige Staidrimh maidir le próiseáil sonrai ó 2008 amach
- Uasghrádú a dhéanamh ar ár mbogearraí anailíse sonrai, ó 2008 go 2010, chun cumas faisnéise gnó a thabhairt isteach
- Straitéis TF agus pleán chun í a chur i bhfeidhm a fhorbairt chun freastal ar riachtanis straitéiseacha na Príomh-Oifige Staidrimh don tréimhse 2008 go 2012
- Seirbhísí TF a sheachadadh mar thaca lenár gcláir nua um aschuir staidrimh agus nuáil
- Priosis rialaithe bunaithe ar ITIL agus seachadta seirbhísí a chur i bhfeidhm, mar thaca le seirbhísí TF den scoth
- Monatóireacht agus tuairisceoireacht a dhéanamh ar sheachadadh ár seirbhísí TF, agus tomhais iomchuí in úsáid chuige sin.

5.2.3 Seirbhísí Riaracháin

Trí phríomhshuíomh oifigí atá ag an bPríomh-Oifig Staidrimh – i gCorcaigh, i Ráth Maonais agus i Surd Cholm Cille. Tá sé d'aidhm againn timpeallacht mhaith oibre a chur ar fáil dár lucht foirne agus dár gcustaiméirí araon. Tá sé de pholasaí againn ceisteanna a bhaineann le timpeallacht na hoibre a fhreagairt in am trútha agus oibriú i gcomhar agus go comhleanúnach chun sláinte, sábháilteach agus leas ár lucht foirne a chur chun cinn. Cuimsíonn sé sin feabhas leanúnach, le haird ar riachtanais lucht foirne agus cuairteoirí ó thaobh na sábháilteachta agus na rochtana de, daoine faoi mhíchumas san áireamh. I ré saoil na straitéise seo, sníomhfaimid isteach inár mbainistíocht foirgníochta feasacht níos mó maidir le cúrsaí comhshaoil agus le coigilt fuinnimh, i gcomhairle le Bord na nOibreacha Poiblí, agus é sin ag teacht le *Straitéis Náisiúnta 2007-2012 um Athrú Aeráide*.

Tá sé d'aidhm againn a chinntíú go gcuireann an Phríomh-Oifig Staidrimh luach maith airgid ar fáil agus go gcuireann na cleachtais is fearr i bhfeidhm, ó thaobh bainistíocha de. Chuige sin, tá réimse táscairí feidhmíochta curtha lenár nósanna imeachta bainistíocha againna, ar leibhéal rannán agus corparáide. Tá cur chuige cuimsitheach maidir le bainistiú rioscaí mar chuid dár gcorais bainistíocha faisnéise.

Is é ár Monatóir Tráthúlachta príomhtháscaire asciur na Príomh-Oifige Staidrimh, ó thaobh eisiúintí staidrimh agus foilseachán de. Le linn na straitéise seo, tá sé ar

intinn againn scóp agus rochtain deisce ríomhaire ár dtáscairí bainistíochta agus feidhmíochta a leathnú.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Foиргintí agus bonneagar eile na Príomh-Oifige Staidrimh a chothabháil agus a athchóiriú ar bhonn ciorclach, chun freastal ar riachtanais a bhaineann le cúrsaí gnó, le custaiméirí agus le cúrsaí rochtana*
- *Na Ráitis um Shábháilteacht Oifige a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach agus tacú le riachtanais ionadaithe Sábháilteachta agus chomhaltaí an Choiste Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa*
- *Leasuithe coigilte fuinnimh a chur i bhfeidhm inár bhfoиргintí, i gcomhaile le Bord na nOibreacha Poiblí*
- *Leanúint dár gcuid oibre chun eolas bainistíochta a sholáthar agus chun scóp agus rochtain deisce ríomhaire ár dtáscairí bainistíochta agus feidhmíochta a leathnú*
- *Cuntasaiocht fhabhraithe a chur isteach inár dtuarascálacha bainistíochta.*

5.2.4 Seirbhís do Chustaiméirí

Tá sé d'aidhm againn seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí. Tá léiriú ar an aidhm sin inár gCairt do Chustaiméirí agus inár bPlean Gnímh um Sheirbhís do Chustaiméirí; agus déanfaimid monatóireacht go tráthrialta ar mhianach na seirbhíse a chuirimid ar fáil don phobal.

Is iomaí sin pointe teaghmála leis an bPríomh-Oifig Staidrimh – ár Rannóg Faisnéise, an Deasc Chabhrach Trádála Seachtraí, Fiosruithe Daonáirimh agus cuid mhaith réimsí staidrimh eile. Tá sé d'aidhm ag ár rannóga staidrimh freagra pras cabhrach a thabhairt ar iarratais ar staidreamh agus caitheamh go cúirtéiseach lenár soláthraithe sonraí.

Tá sé d'aidhm againn inár straitéis dáiliúcháin rochtain ar staidreamh agus ar fhaisnéis ghaolmhar a dhéanamh éasca don phobal, ag cur leis an mbéim ar fhoilsiú leictreonach. Beidh ár suíomh idirlín www.cso.ie agus an tseirbhís um Bunachar Sonraí Díreach ar na priomhbhealaí ina bhfoilseoimid staidreamh. Ina theannta sin, tá bealaí níos simplí á bhforbairt againn chun tuairisceáin staidrimh a chur isteach chun na Príomh-Oifige Staidrimh agus teicneolaíochtaí nua in úsáid chuige sin. Beidh siad siúd ina ngnéithe tábhachtacha dár gcuid oibre chun an t-ualach ar fhreagróirí aonair agus gnó a bhainistiú agus a mhaolú.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- *Monatóireacht agus tuairisceoireacht maidir le cur i bhfeidhm ár bPlean Gnímh um Sheirbhís do Chustaiméirí*
- *Scéim 2007-2010 um Theangacha Oifigiúla na Príomh-Oifige Staidrimh a chur i bhfeidhm*
- *Cód Cleachtais maidir le Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí a Rochtain a chur i bhfeidhm agus leanúint d'fheabhsú na timpeallacht fisiciúil do chustaiméirí agus don lucht foirne*
- *Leabhar tagartha um Shaoráil Faisnéise na Príomh-Oifige Staidrimh (Treoir um Fheidhmeanna, Taifid, Rólanna agus Cleachtais na Príomh-Oifige Staidrimh) a thabhairt suas chun dáta i 2008*
- *Monatóireacht a dhéanamha ar thráthúlacht ár n-eisiúintí agus foilseachán staidrimh i Monatóir Tráthúlachta na Príomh-Oifige Staidrimh.*

Aguisíní

Aguisín 1

Cód Eorpach um Chleachtas Staidrimh

15 prionsabal atá ma bhonn leis an gCód Eorpach um Chleachtas Staidrimh. Tá údarás rialaithe agus staidrimh san Aontas Eorpach tar éis gealltanás a thabhairt cloí leis na prionsabail a dhaingnítar an cód seo maidir le timpeallacht institiúideach, le próisis staidrimh agus le haschuir.

Cuireann táscairí sonraithe maidir le dea-chleachtas do gach ceann de na 15 prionsabal frámaíocht thagartha ar fáil, faoinar féidir athbhreithniú a dhéanamh ar cé chomh maith is a chuirtear an Cód Cleachtais i bhfeidhm. Tá téacs ionlán an Chóid, a chuimsíonn na táscairí sin, le fáil ar <http://epp.eurostat.ec.europa.eu>. Leagtar amach anseo síos ina n-ionnláine na 15 prionsabal sin.

Timpeallacht Institiúideach

Bíonn tionchar nach beag ag cúinsí institiúide agus eagraíocht ar éifeachtúlacht agus ar inchreidtheacht údarás staidrimh a scaipeann staitisticí Eorpacha. Is iad na cúrsáí a bhaineann le hábhar ná neamhspleáchas gairmiúil, mandáid um bailiú sonraí, leordhóthaineacht acmhainní, tiomantas cáilíochta, rúndacht staidrimh, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht.

Prionsabal 1: Neamhspleáchas Gairmiúil - Is é neamhspleáchas gairmiúil údarás staidrimh ar ranna agus ar chomhlacthaí eile polasaí, rialaithe nó riarracháin agus ar oibreoirí earnála príobháidí a chinntíonn inchreidteacht staidrimh Eurpaigh.

Prionsabal 2: Mandáid um Bailiú Sonraí - Is gá go mbeadh mandáid shoiléir dhleathach ag údarás staidrimh chun faisnéis a bhailiú chun críocha staidrimh Eorpaigh. Is féidir go mbeadh ceangal faoin dlí ar riarracháin, ar fhiontair agus ar theaghlaigh rochtain ar shonraí a cheadú nó sonraí a sheachadadh chun críocha staidrimh Eorpaigh ar iarratas ó údarás staidrimh.

Prionsabal 3: Leordhóthaineacht Acmhainní - Is gá go mbeadh na hacmhainní ar fáil ag údarás staidrimh a theastaíonn chun riachtanais staidrimh Eorpaigh a shásamh.

Prionsabal 4: Tiomantas Cáilíochta - Tugann gach ball den Chóras Staidrimh Eorpaigh gealltanás oibriú i gcomhar de réir an phrionsabail a dhaingnítar i bhForógra Cáilíochta an Chórais Staidrimh Eorpaigh.

Prionsabal 5: Rúndacht Staidrimh - Is gá barántas a thabhairt maidir le rúndacht lucht soláthraithe sonraí (teaghlaigh, fiontair, riarracháin agus freagróirí eile), maidir le rúndacht na faisnéis a sholáthraíonn siad agus maidir le húsáid na sonraí chun críocha staidrimh amháin.

Prionsabal 6: Neamhchlaontacht agus Oibiachtúlacht - Is gá do na húdaráis staidrimh staidreamh Eorpacha a tháirgeadh agus a dháileadh, le haird ar neamhspleáchas eolaíoch agus ar bhealach oibiachtúil, gairmiúil agus tréadhearach, ina gcaitear go cothrom leis na húsáideoirí ar fad.

Próisis Staidrimh

Ní mór leanúint de chaighdeán Eorpacha agus de chaighdeán idirnáisiúnta eile, mar aon lena dtreoirlínte agus a ndea-chleachtais ina n-ionnláine sna próisis a úsáideann na húdaráis staidrimh chun staitisticí ofigíula a eagrú, a bhailíú, a phróiseáil agus a scaipeadh. Cuireann cáil na dea-bhainistíochta agus na héifeachta le hinchréidteachta na staitisticí. Is iad na gnéithe ábhartha ná modheolaíocht thatthagach, nósanna imeachtaí iomchuí staidrimh, ualach nach iomarcach ar fhreagróirí agus éifeachtúlacht costais.

Prionsabal 7: Modheolaíocht thatthagach - Is gá go mbeadh modheolaíocht thatthagach mar bhonn le staitisticí den scoth. Is gá go mbeadh uirlisí, nósanna imeachta agus saineolas a ndóthain ann chuige sin.

Prionsabal 8: Nósanna Imeachta Iomchuí Staidrimh - Is gá go mbeadh nósanna imeachta iomchuí staidrimh ann agus iad sin arna gcur i bhfeidhm ó bhailíú staidrimh go fíorú staidrimh, mar bhon le staitisticí den scoth.

Prionsabal 9: Ualach nach Iomarcach ar Fhreagróirí - Ba chóir go mbeadh ualach freagartha ag teacht le riachtanais úsáideoirí agus níor chóir go mbeadh sé ina ualach róthrom ar fhreagróirí. Déanann an t-údarás staidrimh monatóireacht ar an ualach freagartha agus socraíonn spriocanna maidir lena laighdú thar am.

Prionsabal 10: Éifeachtúlacht Costais - Is gá go mbaintear úsáid éifeachtach as acmhainní.

Aschur Staitisticiúil

Is gá go bhfeagródh na staitisticí a bhíonn ar fáil do riachtanais úsáideoirí. Comhlíonann na staitisticí na caighdeán Eorpacha cáilíochta agus déanann siad freastal ar institiúidí Eorpacha, ar rialtais, ar institiúidí taighde, ar eagraíochtaí gnó agus ar an bpobal i gcoitinne. Is iad na cúrsaí is tábhachtaí ná cé chomh mór is a

bhíonn na staitisticí ábhartha, cruinn, údarásach, tráthúil, iad ag teacht lena a chéile, gur féidir iad a chur i gcomparáid lena chéile thar réigiún agus thar thíortha agus go mbíonn rochtain éasca ag úsáideoirí orthu.

Prionsabal 11: Ábharthacht - Ba cheart go sásódh staitisticí Eorpacha riachtanais úsáideoirí.

Prionsabal 12: Cruinneas agus Údarás - Ba cheart go mbeadh staitisticí Eorpacha ina scáthán cruinn, údarásach ar an saol mar atá.

Prionsabal 13: Tráthúlacht agus Poncúlacht - Ba cheart go mbeadh staitisticí Eorpacha á scaipeadh ar bhealach tráthúil, poncúil.

Prionsabal 14: Ag Teacht lena Chéile agus i gComparáid lena Chéile - Ba cheart go mbeadh staitisticí Eorpacha ag teacht lena chéile go hinmheánach agus thar am agus gurbh fhéidir staitisticí ó réigiún éagsúla agus ó thíortha éagsúla a chur i gcomparáid lena chéile; ba cheart gurbh fhéidir sonraí ó fhoinsí éagsúla a chur le chéile agus a úsáid in éineacht.

Prionsabal 15: Inrochtaineacht agus Soiléire - Ba cheart go gcuirfí staitisticí Eorpacha i láthair i bhfoirm shoiléir shothuigthe, go scaipfí iad ar bhealach iomchuí caothúil, go mbeadh fáil agus rochtain chothrom orthu, le meiteasónraí agus treoir mar thaca leo.

Aguisín 2


Bun-Phrionsabail na Náisiún Aontaithe um Staidreamh Oifigiúil

1. Soláthraíonn staitisticí oifigiula eilimint riachtanach de chóras faisnéise sochaí daonlathaí, ag soláthar don rialtas, don gheilleagar agus don phobal sonrai faoin staid eacnamaíoch, dhéimeagrafach, shóisialta agus chomhshaoil. Chun na críche sin, tá staitisticí oifigiúla a chomhlíonann tástайл an fhóntais phraiticiúil le tiomsú agus le cur ar fáil ar bhonn neamhchlaon ag gníomhaireachtaí staidrimh oifigiúla chun teidlíocht saoránach chun faisnéise poiblí a urramú.
2. Chun muinín as staitisticí oifigiúla a choinneáil, ní mór do na gníomhaireachtaí staidrimh breith a thabhairt de réir breathnuithe gairmiúla amháin, lena n-áirítear prionsabail eolaíochta agus eiticí gairmiúla, i dtaobh na modhanna agus na nósanna imeachta le haghaidh bhailíu, phróiseáil, stóráil agus chur i láthair sonraí staidrimh.
3. Chun léirmhíniú cruinn ar na sonraí a éascú, tá faisnéis le cur i láthair ag na gníomhaireachtaí staidrimh de réir caighdeán eolaíochta maidir le foinsí, modhanna agus nósanna imeachta na staitisticí.
4. Tá na gníomhaireachtaí staidrimh i dteideal trácht a dhéanamh ar léirmhíniú earráideach agus ar mhí-úsáid staitisticí.
5. Is féidir sonraí chun críocha staidrimh a tharraingt ó gach cineál foinse, bídis ina suirbhéanna staidrimh nó ina dtaifid riarracháin. Tá na gníomhaireachtaí staidrimh leis an bhfoinse a roghnú ag féachaint don cháilícoht, don tráthúlacht, do na costais agus don ualach ar fhreagraithe.
6. Tá sonraí pearsan aonair a bhailíonn gníomhaireachtaí staidrimh le haghaidh tiomsú staitisticí, cibé acu go dtagraíonn siad do phearsana nádúrtha nó dlíthíúla, le bheith faoi rún daingean agus le húsáid go heisiach chun críocha staidrimh.
7. Tá na dlíthe, rialacháin agus tomhais faoina n-oibríonn na córais staidrimh le poiblíu.
8. Tá comhordú i measc gníomhaireachtaí staidrimh laistigh de thíortha riachtanach chun comhsheasmhacht agus éifeachtacht sa chóras staidrimh a bhaint amach.
9. Le húsáid coincheapanna, aicmiúchán agus modhanna idirnáisiúnta ag gníomhaireachtaí staidrimh i ngach thír cuirtear chun cinn comhsheasmhacht agus éifeachtacht na gcóras staidrimh ar gach leibhéal oifigiúil.
10. Cuireann comhoibriú déthaobhach agus iltaobhach i staitisticí le feabhsú na gcóras staidrimh oifigiúil i ngach thír.

Foinse: Comhairle Eacnamaioch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe. Tuarascáil an tSeisiún Speisialta den Choimisiún Staidrimh (Nua Eabhrac, 11-15 Aibreán 1994), E/1994/29.

Agisín 3

CSO Organisation Chart – Senior Management Structure



Aguisín 4

Gluais

Téarma	As Béarla	Míniú
	COP	Daonáireamh
AD	HR	Acmhainní Daonna
ASC	CSV	Ciallaíonn comhad le hAthróga Scartha ag Camóga cineál comhaid ina ndéantar sonraí a stórail i dtáblaí ina n-úsáidtear camóga chun luacha a scardadh óna chéile.
ÁTT	CIP	Áireamh na Táirgeachta Tionscail
BCE	ECB	Banc Ceannais na hEorpa.
BCÚSAÉ	CBFSAI	Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann
BNS	NSB	An Bord Náisiúnta Staidrimh
BSLU	CSDB	Bunachar Sonrai Lárnaithe Urrús
BTS	HRB	An Bord Taighde Sláinte
CAI	IMF	An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta
CBFF	PMDS	An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta. Is tionscnamh é seo a tugadh isteach faoin TBS lenar cruthaíodhcreat a nascann na spriocanna agus na cuspóirí arna leagan amach i Ráiteas Straitéise gach Roinne/Oifige agus cion na mball foirne aonair. Tá an creat seo deartha chun éascú le feidhmíocht oibre gach ball foirne aonair a bhainistiú chomh maith lena riachtanais ghairme agus fhobhartha.

Téarma	As Béarla	Míniú
<i>CBS</i>	<i>DMS</i>	Córas Bainistíochta Sonraí in Clár Straitéiseach um Teicneolaíocht Faisnéise a Chur Chun Feidhme
<i>CCN</i>	<i>SNA</i>	Córas Cuntas Náisiúnta
<i>CFG</i>	<i>G/S</i>	Córas Faisnéise Geografaí
<i>CGR</i>	<i>DAP</i>	Clár Gníomhaíochta Rannánach a chomhaontaítear ar bhonn blantúil chun Ráiteas Straitéisise na Príomh-Oifige Staidrimh a chur chun feidhme.
<i>CÍ</i>	<i>BOP</i>	Comhardú na nÍocaíochtaí
<i>ESA</i>	<i>ESA</i>	Córas Cuntas Náisiúnta na hEorpa.
<i>EU-SILC</i>	<i>EU-SILC</i>	Suirbhé AE um Ioncam agus Dálaí Maireachtála
<i>Eurostat</i>	<i>Eurostat</i>	Oifig Staitistiúil an AE (seirbhís staitistiúil Choimisiún na hEorpa)
<i>FIÉ</i>	<i>SEI</i>	Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann
<i>GCC</i>	<i>EPA</i>	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
<i>HTML</i>	<i>HTML</i>	An fhormáid ina gcuirtear doiciméid ar an Idirlíon
<i>ICD</i>	<i>ICD</i>	Aicmiúchán Idirnáisiúnta Galar
<i>I dTreo 2016</i>	<i>Towards 2016</i>	Creat Náisiúnta Páirtíochta Sóisialta deich mbliana 2006-2015
<i>MEETS</i>	<i>MEETS</i>	Clár AE chun Staitisticí Fiontar agus Trádála na hEorpa a Nuachóiriú

Téarma	As Béarla	Míniú
<i>NACE</i>	<i>NACE</i>	<i>Nomenclature statistique des activités économiques dans la Communauté européenne.</i> Aicmiúchán an AE um ghníomhaiochtaí eacnamaíochta.
<i>OI</i>	<i>GDP</i>	Olltáirgeacht Intíre
<i>ITIL</i>	<i>ITIL</i>	Leabharlann Bhonneagar Faisnéise Teicneolaíochta (próiseas bainistíochta chun seirbhísí TF a sheachadadh)
<i>Prodcom</i>	<i>Prodcom</i>	Aicmiúchán comhchuibhithe a chuimsíonn an AE ar fud i leith tárgí arna dtáirgeadh ag an earnáil tionscail (nasctha go díreach leis an aicmiúchán tráchtearraí seachtraí) arna sonrú i Rialachán Uimh. 3924/91 ón gComhairle.
<i>RTIB</i>	<i>DAFF</i>	An Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Bia
<i>RSL</i>	<i>DoHC</i>	An Roinn Sláinte agus Leanaí
<i>SBT</i>	<i>HBS</i>	Suirbhé Buiséid Teaghlaigh
<i>SFN</i>	<i>NES</i>	An Suirbhé Fostaíochta Náisiúnta
<i>SNTR</i>	<i>QNHS</i>	Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh Ráithiúil
<i>STCE</i>	<i>FATS</i>	Staitisticí Trádála maidir le Cleamhnaithe Eachtracha
<i>STUFCS</i>	<i>EHECS</i>	Suirbhé um Thuilleamh, Uaireanta Fostaíochta agus Costais Saothair
<i>TF</i>	<i>IT</i>	Teicneolaíocht Faisnéise
<i>TFB</i>	<i>KPI</i>	Táscaire Feidhmíochta Buntábhachtach

Téarma	As Béarla	Míniú
<i>TFC</i>	<i>ICT</i>	Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide
<i>TPM</i>	<i>WPI</i>	Treoiruimhir um Pragh sanna Mórdhíola
<i>TPT</i>	<i>CPI</i>	Treoiruimhir um Pragh sanna do Thomhaltóirí
<i>UPSP</i>	<i>PPSN</i>	Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí
<i>VIMA</i>	<i>VIMA</i>	Oifig laistigh d'oifig na gCoimisinéirí loncaim a bhfuil de chúram uirthi déileáil le VIES, le hIntrastat agus le Mutual Assistance. Ina theannta sin, soláthraíonn sí seirbhís chun uimhreacha CBL a fhíorú.